BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Deichiú Dlísheomra Méadaithe)

4 Nollaig 2024*

(Fóirdheontais – An dleacht frithchúitimh chinntitheach a fhorchuirtear ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite nó fuaite áirithe de thionscnamh na Síne a leathnú chun allmhairí na dtáirgí arna gcur chun bealaigh ó Mharacó a chumhdach – Imscrúdú frith-imchéimniúcháin –Teacht timpeall – Comhaontú Comhlachais Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus an Maracó – Airteagal 33(a) de Rialachán (AE) 2016/1037 – Mí-úsáid cumhachtaí – Coinníollacha chun a shuíomh gurb ann do theacht timpeall – Airteagal 23(3) de Rialachán 2016/1037 – Athrú a d'eascair as cleachtas, próiseas nó as obair nach raibh cúis chuí nó bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leis seachas forchur na dleachta – Oibríochtaí cóimeála – Oibríochtaí críochnaithe – An coincheap 'luach atá curtha leis' – Táirge comhchosúil allmhairithe nó codanna de fós ag baint tairbhe as an bhfóirdheontas – Earráid dlí – Earráid fhollasach mheasúnaithe – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe – Cóir chomhionann – Prionsabal an dea-riaracháin – Airteagal 28(1) agus (3) de Rialachán 2016/1037 – Úsáid fíoras atá ar fáil)

I gCás T-246/22,

PGTEX Morocco, a bunaíodh in Tangier (Maracó), dá ndéanann P. Vander Schueren, E. Gergondet agus A. Nosowicz, Dlíodóirí, ionadaíocht,

iarratasóir,

le tacaíocht ó

LM Wind Power A/S, a bunaíodh in Kolding (an Danmhairg), dá ndéanann B. Servais agus V. Crochet, Dlíodóirí, ionadaíocht,

idiragraí,

v

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann G. Luengo agus J. Zieliński, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

cosantóir,

le tacaíocht ó

Tech-Fab Europe eV, a bunaíodh in Frankfurt am Main (an Ghearmáin), dá ndéanann L. Ruessmann agus J. Beck, Dlíodóirí, ionadaíocht

* Teanga an cháis: an Béarla.

idiragraí,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Deichiú Dlísheomra Méadaithe),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: O. Porchia (Rapóirtéir), Uachtarán, M. Jaeger, L. Madise, P. Nihoul agus S. Verschuur, Breithiúna,

Cláraitheoir: I. Kurme, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

agus tar éis éisteacht an 16 Eanáir 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, PGTEX Morocco, go ndéanfaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/301 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 lena leathnaítear an dleacht frithchúitimh chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe ('GFF') de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne ('DPC') chun allmhairí GFF arna gcur chun bealaigh ó Mharacó a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Mharacó iad nó ná bíodh, agus lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú a bhaineann le teacht timpeall féideartha ar na bearta frithchúitimh a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ar allmhairí GFF de thionscnamh na hÉigipte, i gcás allmhairí arna gcur chun bealaigh ó Mharacó, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Mharacó iad nó ná bíodh (IO 2022 L 46, lch. 31, 'an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid').

I. Cúlra na díospóide

2 Is táirgeoir onnmhairiúcháin fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite ('GFF') áirithe a onnmhairíonn sé go háirithe chuig an Aontas Eorpach é an t-iarratasóir, cuideachta atá corpraithe faoi dhlí Mharacó agus atá lonnaithe sa Chrios Saorthrádála in Tangier (Maracó) agus a bhaineann le grúpa cuideachtaí na Síne PGTEX.

3 Is fabraicí iad GFF arb é atá iontu caisirníní nó snáthanna de snáithíní gloine filiméad leanúnach ('caisirníní snáithíní gloine'), atá fite agus/nó fuaite, a bhfuil eilimintí eile iontu nó nach bhfuil, gan táirgí atá tuilithe nó réamhthuilithe a áireamh, agus gan fabraicí mogaill oscailte a áireamh ag a bhfuil cealla oscailte is faide agus is leithne ná 1.8 milliméadar (mm) araon agus a bhfuil meáchan is mó ná 35 gram in aghaidh an mhéadair chearnaigh (g/m^2). Is táirgí iad a n-úsáidtear i raon leathan feidhmeanna, go háirithe i dtáirgeadh lanna do thuirbíní gaoithe, i dtáirgeadh bád, trucailí agus trealamh spóirt, agus i gcórais athshlánúcháin píopaí.

4 An 16 Bealtaine 2019, thionscain an Coimisiún Eorpach, ar bhonn Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheonaithe ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO 2016

L 176, lch. 55, 'an bun-Rialachán frith-fhóirdheontais'), imscrúdú frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí GFF de thionscnamh na Síne agus na hÉigipte isteach san Aontas Eorpach ('an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais').

5 Bhí an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais mar thoradh ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar GFF de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí GFF áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte (IO 2020 L189, lch. 1). Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithchúitimh iarmharach 30.7 % ar allmhairí GFF ón tSín.

6 An 19 Bealtaine 2021, fuair an Coimisiún iarraidh de bhun Airteagal 23(4) agus Airteagal 24(5) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais imscrúdú a dhéanamh ar theacht timpeall féideartha ar na bearta frithchúitimh a fhorchuirtear ar allmhairí GFF de thionscnamh na Síne agus na hÉigipte agus na hallmhairí sin a chur faoi réir a gcláraithe.

7 Chuir an t-idiragraí mar thaca leis an gCoimisiún, Tech-Fab Europe eV, comhlachas de tháirgeoirí GFF san Aontas Eorpach, an t-iarratas atá i gceist isteach.

8 Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó na Ballstáit a chur ar an eolas, go raibh fianaise leordhóthanach ann chun bonn cirt a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh ('an t-imscrúdú frith-imchéimniúcháin') de bhun Airteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/863 an 28 Bealtaine 2021 lena dtionscnaítear imscrúdú maidir le theacht timpeall féideartha ar na bearta frithchúitimh a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/776 maidir le hallmhairí GFF áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte trí allmhairí GFF áirithe arna gcur chun bealaigh ó Mharacó, cibé an ndearbhaítear gur de thionscnamh Mharacó iad nó nach bhfuil, agus na hallmhairí sin a chur faoi réir a gcláraithe (IO 2021 L 190, lch. 76).

9 Bhí an tréimhse arna chumhdach ag an imscrúdú frith-imchéimniúcháin ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2020 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Roimh 2019, ní raibh méideanna suntasacha GFF á n-onnmhairiú ó Mharacó go dtí an tAontas. Bailíodh sonraí ar feadh na tréimhse sin chun imscrúdú a dhéanamh, *inter alia*, ar an athrú líomhnaithe ar an ngréasán trádála tar éis bearta frithchúitimh a fhorchur ar an táirge lena mbaineann, agus féachaint an raibh cleachtas, próiseas nó obair ann nach raibh cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leis seachas forchur na dleachta. Bailíodh sonraí níos mionsonraithe ar feadh na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 ('an tréimhse thuairiscithe') d'fhonn scrúdú a dhéanamh féachaint ar bhain allmhairí an bonn d'éifeacht cheartaitheach na mbeart a bhí i bhfeidhm i dtéarmaí praghsanna nó cainníochtaí agus an raibh fóirdheonú ann.

10 Le linn an imscrúdaithe frith-imchéimniúcháin, líon Grúpa PGTEX, atá comhdhéanta den iarratasóir agus dá chuideachtaí gaolmhara sa tSín, eadhon PGTEX China Co., Ltd ('PGTEX China') agus Chongqing Polycomp International Corporation (CPIC), an fhoirm chuideachta isteach inar iarradh díolúine ('an fhoirm éilimh ar dhíolúine'). Líon PGTEX China isteach freisin foirm na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. An 8 Meán Fómhair 2021, thug an grúpa sin freagra ar an litir easnaimh a sheol an Coimisiún an 13 Lúnasa 2021 ('an freagra ar an litir easnaimh').

11 I litir dar dáta an 5 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún in iúl don iarratasóir go raibh sé ar intinn aige brath ar fhíorais atá ar fáil faoi Airteagal 28 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais. An 12 Deireadh Fómhair 2021, thug an t-iarratasóir freagra ar an litir sin ('an freagra ar an litir faoi Airteagal 28').

12 An 15 Deireadh Fómhair 2021, chuir an t-iarratasóir tuilleadh faisnéise isteach chun a léiriú nach bhféadfaí an phróiseáil a rinneadh i Maracó a cháiliú mar oibríocht chóimeála agus go raibh bonn cirt eacnamaíoch léi féin ('an doiciméadacht bhreise').

13 An 20 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún a dhoiciméad ginearálta maidir le nochtadh ('DGN'), inar moladh na bearta frithchúitimh is infheidhme maidir le hallmhairí GFF de thionscnamh na Síne agus na hÉigipte a leathnú chun allmhairí GFF arna gcur chun bealaigh ó Mharacó a chumhdach agus lenar diúltaíodh d'iarraidh an iarratasóra ar dhíolúine ó na dleachtanna sin. An 7 Eanáir 2022, chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach maidir le DGN ('barúlacha DGN').

14 An tráth céanna, d'iarr an t-iarratasóir, ós rud é nár fhreagair DGN, trí fhíorais a bhí ar fáil maidir leis a chur i bhfeidhm, na barúlacha a rinneadh sa fhreagra ar an litir faoi Airteagal 28, an 29 Nollaig 2021, idirghabháil an Oifigigh Éisteachta. Reáchtáladh éisteacht an 10 Eanáir 2022 leis an gCoimisiún agus an 12 Eanáir leis an Oifigeach Éisteachta. Thíolaic an tOifigeach Éisteachta a thuarascáil an 25 Eanáir 2022 ('tuarascáil an Oifigigh Éisteachta').

15 An 24 Feabhra 2022, ghlac an Coimisiún an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid.

II. An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe

16 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

17 Iarrann an t-idiragraí mar thaca leis an iarratasóir, LM Wind Power A/S, ar an gCúirt Ghinearálta:

– seasamh leis an gcaingean le haghaidh neamhniú;

– a ordú don Choimisiún costais a idirghabhála a íoc.

18 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith gan bhunús;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

19 Iarrann an t-idiragraí mar thaca leis an gCoimisiún ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhiúltú;

– a ordú don iarratasóir costais a idirghabhála a íoc.

III. An dlí lena mbaineann

20 Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí, lena n-éilítear:

– ar an gcéad dul síos, sárú ar an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2000 L 70, lch. 2), arna leasú ('an Comhaontú Comhlachais'), sárú ar Airteagal 33(a) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais agus mí-úsáid cumhachtaí ar an bhforas go bhforchuireann an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid dleachtanna frithchúitimh ar GFF a onnmhairíonn sé chuig an Aontas Eorpach, gan breithniú a dhéanamh ar a dtionscnamh fabhrach i Maracó;

– ar an dara dul síos, sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, sárú ar chearta na cosanta agus ar an gceart chun dea-riaracháin, earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 28(1) agus (3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais a mhéid a bhaineann le húsáid na bhfíoras atá ar fáil;

– ar an tríú dul síos, earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid gur mheas an Coimisiún nach raibh cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch lena láithreán táirgthe a bhunú i Maracó seachas dleachtanna frithchúitimh a fhorchur agus sárú ar an gceart chun dea-riaracháin sa mhéid gur mhainnigh an Coimisiún scrúdú cúramach neamhchlaonta a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha uile an cháis atá i gceist;

– ar an gceathrú dul síos, earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, sáruithe ar phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne agus sárú ar an gceart chun dea-riaracháin sa mhéid gur chinn an Coimisiún gur oibríocht chóimeála é an próiseas monaraíochta arna chur chun feidhme i Maracó;

– ar an gcúigiú dul síos, earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid is gur mheas an Coimisiún gur lean GFF a onnmhairíodh ó Mharacó go dtí an tAontas de thairbhe a bhaint as na fóirdheontais a deonaíodh do tháirgeoirí GFF na Síne.

21 Ba cheart scrúdú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar an gcéad, ar an tríú, ar an gceathrú agus ar an gcúigiú saincheist dlí, agus, i gcás inarb iomchuí, ar an dara saincheist dlí.

A. An chéad saincheist dlí

22 Mar thaca leis an tsaincheist dlí seo, cuireann an t-iarratasóir, mar aon leis an idiragraí mar thaca leis, go bunúsach, trí ghearán chun cinn.

23 Leis an gcéad ghearán, áitíonn an t-iarratasóir, mar réamhphointe, go meastar, de réir rialacha infheidhme an Chomhaontaithe Comhlachais, gur 'de thionscnamh' Mharacó iad GFF a mhonaraíonn sé. Dheimhneofaí tionscnamh fabhrach GFF leis an gcruthúnas tionscnaimh arna eisiúint ag údaráis Mharacó i gcomhréir le hAirteagail 16 agus 17 de Phrótacal Uimh. 4 a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais, eadhon na deimhnithe EUR.1, a mbeadh a bhailíocht deimhnithe ag riarachán custaim Mharacó. Thairis sin, ní dhéantar agóid i gcoinne an tionscnaimh fhabhraigh sin.

24 Dá bhrí sin, trí dhleachtanna frithchúitimh a fhorchur ar allmhairí GFF an iarratasóra a thairbhíonn de thionscnamh fabhrach Mharacó, tar éis an imscrúdaithe frith-imchéimniúcháin, agus ní an imscrúdaithe frith-fhóirdheontais, sháraigh an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid Airteagal 9 den Chomhaontú Comhlachais, lena dtoirmeasctar dleachtanna custaim agus muirir a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu a fhorchur agus, dá bhrí sin, dleachtanna frithchúitimh a fhorchur ar tháirgí den sórt sin. Níl aon eisceacht ón toirmeasc sin ar féidir leis an gCoimisiún brath air mar 'chosaint dhearfach'.

25 De réir an iarratasóra, tríd an gComhaontú Comhlachais a dhaingniú, gheall an tAontas Eorpach gan dleachtanna frithchúitimh a fhorchur ar allmhairí 'de thionscnamh' Mharacó go neamhspleách ar a ionstraimí reachtacha féin. In aon chás, ceanglaítear le tosaíocht comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas ar reachtaíocht thánaisteach an Aontais go léireofar na téacsanna dlí sin, a mhéid is féidir, ar bhealach atá comhsheasmhach leis na comhaontuithe sin (breithiúnas an 10 Meán Fómhair 1996, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-61/94, EU:C:1996:313, mír 52). Ní féidir leis an gCoimisiún an fíoras go bhfuil reachtaíocht thánaisteach an Aontais ann a léiriú mar bhonn cirt le neamhaird a thabhairt ar ghealltanais faoin gComhaontú Comhlachais.

26 Leis an dara gearán, maíonn an t-iarratasóir go sáraíonn an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid Airteagal 33(a) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, a mhéid a fhorchuireann sé dleachtanna frithchúitimh ar allmhairí 'de thionscnamh' Mharacó, agus ar an gcaoi sin nach gcuirtear i bhfeidhm na rialacha speisialta a leagtar síos sa Chomhaontú Comhlachais.

27 Leis an tríú gearán, áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid curtha ó bhail mar gheall ar mhí-úsáid cumhachtaí a mhéid gurb é an t-aon chuspóir amháin atá leis an nós imeachta a leagtar síos go sonrach maidir le Státchabhair le hAirteagal 36 *et seq*. den Chomhaontú Comhlachais a sheachaint. De réir an iarratasóra, luaitear sa Rialachán Cur Chun Feidhme sin gur bhain sé tairbhe as aistriú fóirdheontas a fuair a sholáthróirí amhábhar cleamhnaithe. Measann sé, agus é á chinneadh aige gur deonaíodh cabhair phoiblí nó fóirdheontais phoiblí dó, gur cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, a bheith ag brath ar Airteagal 36 den Chomhaontú Comhlachais. Tugann sé le tuiscint uaidh sin, tríd an nós imeachta sin a sheachaint agus, ina ionad sin, go haontaobhach, an Rialachán Cur Chun Feidhme sin lena bhforchuirtear bearta ceartaitheacha a ghlacadh ar an bhforas gur bhain sé tairbhe as 'cabhair phoiblí', gur bhain an Coimisiún mí-úsáid as a chumhachtaí.

28 Ar deireadh, i ndáil leis sin, cuireann an t-iarratasóir in iúl freisin, cé gurb é an cuspóir atá á shaothrú ag an gCoimisiún agus an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid á ghlacadh aige éifeachtacht na mbeart a fhorchuirtear ar allmhairí GFF de thionscnamh na Síne a áirithiú, is amhlaidh fós go bhforchuirtear leis an Rialachán Cur Chun Feidhme dleachtanna custaim agus muirir a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu ar allmhairí GFF de thionscnamh Mharacó, de shárú ar Airteagal 9 den Chomhaontú Comhlachais agus ar Airteagal 33 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais.

29 Déanann an Coimisiún, mar aon leis an idiragraí mar thaca leis, argóintí an iarratasóra a dhíospóid.

1. Barúlacha tosaigh

(a) An Comhaontú Comhlachais

30 Tugadh an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, i gcrích sa Bhruiséil an 26 Feabhra 1996 agus formheasadh é thar ceann na gComhphobal Eorpach le Cinneadh 2000/204/CE, CEGC ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2000 maidir leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara a thabhairt chun críche lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2000 L 70, lch. 1). I gcomhréir le hAirteagal 96 de, tháinig an Comhaontú sin i bhfeidhm an 1 Márta 2000, mar is léir ón bhfaisnéis a fógraíodh in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* (IO 2000 L 70, lch. 228).

31 Le hAirteagal 1(1) den Chomhaontú Comhlachais, bunaítear comhlachas idir, ar thaobh amháin, an Comhphobal Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (dá ngairtear le chéile ‘an Comhphobal’ sa Chomhaontú Comhlachais le Maracó) agus a mBallstáit agus, ar an taobh eile, Ríocht Mharacó.

32 I gcomhréir leis an dara fleasc d’Airteagal 1(2) de, is é is cuspóir don Chomhaontú Comhlachais, *inter alia*, ‘na coinníollacha maidir le léirscaoileadh trádála in earraí, i seirbhísí agus i gcaipiteal de réir a chéile’ a leagan síos.

33 Dá bhrí sin, foráiltear le hAirteagal 6 den Chomhaontú Comhlachais, atá i dTeideal II den Chomhaontú sin, maidir le saorghluaiseacht earraí, ‘go mbunóidh an Comhphobal agus Maracó limistéar saorthrádála de réir a chéile ar feadh idirthréimhse suas le dhá bhliain déag ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach thíos agus i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe Ghinearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 agus comhaontuithe iltaobhacha eile maidir le trádáil in earraí atá i gceangal leis an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) [...]’.

34 Chuige sin, foráiltear le hAirteagal 9 den Chomhaontú Comhlachais, a bhfuil feidhm aige, i gcomhréir le ceanntheideal Theideal II, Caibidil I den Chomhaontú sin, ar a bhfuil sé bunaithe, maidir le táirgí tionsclaíocha, go ndéanfar ‘táirgí de thionscnamh Mharacó a allmhairiú isteach sa Chomhphobal saor ó dhleachtanna custaim agus ó mhuirir chomhéifeachta’.

35 Mar a shonraítear in Airteagal 29 den Chomhaontú Comhlachais, leagtar amach i bPrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú céanna an coincheap ‘táirgí tionscnaimh’ chun críocha Theideal II den Chomhaontú sin agus modhanna ábhartha an chomhair riaracháin.

36 Thairis sin, faoi Theideal IV de Chaibidil II, dar teideal ‘Iomaíocht agus forálacha eacnamaíocha eile’, den Chomhaontú Comhlachais, foráiltear le hAirteagal 36(1) ‘[go mb]eidh an méid seo a leanas ar neamhréir le dea-fheidhmiú an Chomhaontaithe seo, a mhéid a d’fhéadfaidís difear a dhéanamh don trádáil idir an Comhphobal agus Maracó: [...] aon chabhair phoiblí a dhéanann saobhadh nó a bhagraíonn go saobhfar iomaíocht trí thaobhú le cuideachtaí áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ach amháin nuair a cheadaítear a mhalairt faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach’.

(b) Rialacha an Aontais maidir le teacht timpeall ar na bearta frith-fhóirdheontais

37 Le rialacha an Aontais maidir le teacht timpeall ar na bearta frith-fhóirdheontais, dá bhforáiltear in Airteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, ceadaítear do na hinstitiúidí, faoi choinníollacha áirithe, dleachtanna frith-fhóirdheontais a d'fhorchuir siad ar allmhairí táirge ó thríú tír a leathnú chuig allmhairí táirgí comhchosúla ó, *inter alia*, thír eile, chun cosc a chur ar theacht timpeall ar na bearta frith-fhóirdheontais.

38 Go sonrach, is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, dar teideal 'Teacht timpeall':

'1. Féadfar dleachtanna frithchúitimh arna bhforchur de bhun an Rialacháin seo a leathnú chuig allmhairí den táirge comhchosúil ó thríú tíortha, bíodh siad modhnaithe beagán nó gan a bheith modhnaithe, nó d'fhéadfaí iad a ghearradh ar allmhairí den táirge comhchosúil atá modhnaithe beagán ón tír atá faoi réir beart, nó cuid de bhearta, i gcás ina bhfuil teacht timpeall ar na bearta atá i bhfeidhm ag tarlú.

2. Féadfar dleachtanna frithchúitimh nach mó ná an dleacht frithchúitimh iarmharach arna forchur i gcomhréir le hAirteagal 15(2) a leathnú chuig allmhairí ó chomhlachtaí a bhaineann tairbhe as dleachtanna aonair sna tíortha atá faoi réir beart nuair atá teacht timpeall ar na bearta atá i bhfeidhm ag tarlú.

3. Déanfar "teacht timpeall" a shainmhíniú mar athrú ar an bpatrún trádála idir tríú tíortha agus an tAontas nó idir comhlachtaí aonair sa tír faoi réir beart agus an tAontas, agus eascraíonn sé as cleachtas, próiseas nó obair nach bhfuil údar maith dóthanach ná bonn cirt eacnamaíoch leis seachas an dleacht a fhorchur, agus i gcás ina bhfuil fianaise maidir le díobháil ann nó go bhfuil an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na dleachta i dtéarmaí praghsanna agus/nó cainníochtaí an táirge chomhchosúil, agus go bhfuil an táirge comhchosúil a allmharaíodh agus/nó páirteanna den táirge sin ag baint tairbhe i gcónaí as an bhfóirdheontas.

Áirítear na nithe seo a leanas, *inter alia*, sa chleachtas, próiseas nó obair dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) modhnú beag ar an táirge lena mbaineann ionas go bhfuil sé faoi réir cóid chustaim nach mbíonn faoi réir na mbeart de ghnáth, ar choinníoll nach n-athraíonn an modhnú sin saintréithe an táirge;

(b) coinsíniú an táirge atá faoi réir bearta trí thríú tíortha;

(c) atheagrú a ngréasán agus a mbealaí díolacháin sa tír atá faoi réir beart ag onnmhaireoirí nó táirgeoirí chun a gcuid táirgí a onnmhairiú faoi dheireadh chuig an Aontas trí tháirgeoirí a bhaineann tairbhe as ráta dleachta aonair atá níos ísle ná an dleacht ráta is infheidhme ar tháirgí na monaróirí'.

39 Is léir ó aithris 18 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais gur glacadh an fhoráil sin ar an bhforas, '[c]é nach bhfuil forálacha maidir le teacht timpeall ar bhearta frithchúitimh sa Chomhaontú maidir le Fóirdheontais, tá an fhéidearthacht maidir le teacht timpeall den sórt sin ann, i dtéarmaí atá cosúil, murar comhionann iad, le teacht timpeall ar bhearta frithdhumpála. Go deimhin, sa réaltacht eacnamaíoch atá ann faoi láthair, ina bhfuil domhandú na trádála idirnáisiúnta ag dul i méid, rud a thugann deis níos mó do chuideachtaí táirgeadh earraí a

athlonnú chuig tíortha éagsúla, tá sé ag éirí níos tábhachtaí don Aontas ionstraimí cosanta trádála a bheith aige atá in ann freagairt go héifeachtach do na dúshláin a bhaineann le timpeallacht trádála den sórt sin, trí chosaint éifeachtach thionscal an Aontais ar allmhairí táirgí fóirdheonaithe a áirithiú. I measc na n-ionstraimí sin, tá ról bunúsach ag na rialacha frith-imchéimnithe maidir le héifeachtacht na mbeart cúitimh arna nglacadh ag an Aontas a ráthú (féach, chuige sin agus de réir analaí, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Pitruzzella sa Chás *an Coimisiún* v *Kolachi Raj Industrial*, C-709/17 P, EU:C:2019:303, míreanna 1 agus 73).

2. Fiúntas na chéad saincheiste dlí lena n-éilítear sárú ar an gComhaontú Comhlachais, sárú ar Airteagal 33(a) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais agus mí-úsáid cumhachtaí ar an bhforas go bhforchuireann an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid dleachtanna frithchúitimh ar GFF a onnmhairíonn an t-iarratasóir chuig an Aontas Eorpach, gan a dtionscnamh fabhrach Mharacó a chur san áireamh

40 Sa chás seo, chun freagairt don tsaincheist dlí seo, ní mór a chinneadh, go bunúsach, an raibh an Coimisiún in ann dul i muinín na rialacha frith-imchéimniúcháin a leagtar síos in Airteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais chun na dleachtanna frithchúitimh a d'fhorchuir sé ar allmhairí táirge ó thríú tír (eadhon, sa chás seo, an tSín) a leathnú chuig allmhairí táirgí comhchosúla ó, *inter alia*, thír eile (eadhon, sa chás seo, Maracó), gan aird a thabhairt ar an bhfíoras gur shínigh an tAontas Eorpach comhaontú comhlachais le Ríocht Mharacó.

41 Ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a cuireadh in iúl i mír 37 thuas, go gceadaítear le hAirteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais do na hinstitiúidí, faoi choinníollacha áirithe, na dleachtanna frithchúitimh a d'fhorchuir siad ar allmhairí táirge ó thríú tír a leathnú chuig allmhairí táirgí comhchosúla ó, *inter alia*, thír eile, chun cosc a chur ar theacht timpeall ar na bearta frith-fhóirdheontais.

42 Thairis sin, de réir an chásdlí, is é an t-aon chuspóir atá le rialachán lena leathnaítear dleacht frithchúitimh a éifeachtacht a áirithiú agus cosc a chur ar theacht timpeall ar na dleachta sin agus, dá bhrí sin, nach bhfuil i mbeart lena leathnaítear dleacht frithchúitimh chinntitheach ach de chineál coimhdeach leis an ngníomh tosaigh lena bhforchuirtear an dleacht sin, lena gcosnaítear cur i bhfeidhm éifeachtach beart cinntitheach. (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Meán Fómhair 2019, *an Coimisiún* v *Kolachi Raj Industrial*, C-709/17 P, EU:C:2019:717, mír 96 agus an cásdlí a luaitear).

43 Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar is léir ó léamh ar na forálacha dá dtagraítear i míreanna 31 go 34 thuas, go bhfuil sé mar aidhm ag an gComhaontú Comhlachais limistéar saorthrádála a bhunú de réir a chéile idir an tAontas Eorpach agus Maracó. Tugadh an Comhaontú sin i gcrích chun saorghluaiseacht earraí idir an tAontas agus Maracó a chur chun cinn trí, *inter alia*, dhleachtanna custaim agus muirir chomhéifeachta a dhíchur.

44 Dá bhrí sin, is dhá ionstraim beartais trádála de chuid an Aontais iad an Comhaontú Comhlachais agus Airteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais a bhfuil cuspóirí agus loighic éagsúla acu. Cé gur ionstraim comhair é an chéad cheann atá ceaptha chun saorghluaiseacht earraí ó Mharacó laistigh den Aontas a chur chun cinn, is ionstraim cosanta trádála é an dara ceann atá ceaptha chun pionós a ghearradh ar chleachtais éagóracha trádála a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'éifeachtacht na mbeart frithfhóirdheontais atá i bhfeidhm cheana féin i gcoinne tríú tíortha.

45 Sa chás seo, agus é á mheas go raibh cleachtas curtha i bhfeidhm ag Grúpa PGTEX, i Maracó, arb é is aidhm dó an dleacht frithchúitimh a fhorchuirtear de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/776 ar allmhairí GFF ón tSín a inchéimniú leis an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, leathnaigh an Coimisiún an dleacht frithchúitimh sin chuig GFF arna gcur chun bealaigh ó Mharacó. Thairis sin, maidir leis an dleacht a leathnaítear ar an gcaoi sin, arb é an t-aon chuspóir atá léi éifeachtacht na dleachta frithchúitimh a fhorchuirtear ar Dhaon-Phoblacht na Síne a áirithiú, ní féidir í a idirdhealú ón dleacht sin ar dleacht choimhdeach í (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 8 Samhain 2005, *Jersey Produce Marketing Organisation*, C-293/02, EU:C:2005:664, mír 70).

46 Dá bhrí sin, leis an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, díríonn an Coimisiún ar chuideachtaí Síneacha Ghrúpa PGTEX chun cosc a chur orthu a bheith ag brath ar chríoch Mharacó, thug Ríocht Mharacó an Comhaontú Comhlachais i gcrích leis an Aontas Eorpach, chun an dleacht frithchúitimh a fhorchuirtear ar allmhairí GFF ón tSín a sheachaint.

47 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil forálacha sa Chomhaontú Comhlachais lena dtoirmisctear ar cheann de na páirtithe sa Chomhaontú sin bearta frith-imchéimniúcháin a ghlacadh. Dá bhrí sin, i bhfianaise iompar amhail an ceann a luaitear i mír 46 thuas, ní chuirtear cosc leis an gComhaontú sin ar an Aontas a fhíorú an bhfuil na coinníollacha uile maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais á gcomhlíonadh agus, a mhéid a chinntear go bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh go deimhin, ó dhul i muinín bearta frith-imchéimniúcháin chun cur i gcoinne an iompair sin.

48 Le léamh eile, d'fhéadfadh sé go mbainfí den Aontas Eorpach ionstraim cosanta trádála atá ríthábhachtach chun cosaint éifeachtach thionscal an Aontais a áirithiú agus chun Maracó a chlaochlú ina 'saorlimistéar' ina bhféadfadh trádálaithe aon chineál oibríocht imchéimniúcháin ar bhearta frith-fhóirdheontais a chur chun feidhme, rud a bheadh, sa chás seo, contrártha do na gealltanais fhrithpháirteacha a rinne Ríocht Mharacó agus an tAontas Eorpach i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Comhlachais.

49 Dá bhrí sin, i bhfianaise a mhéid sin roimhe seo, ní mór a mheas go raibh an Coimisiún i dteideal dul i muinín na rialacha frith-imchéimniúcháin a leagtar síos in Airteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais agus, dá réir sin, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí.

B. An tríú agus an ceathrú saincheist dlí

50 Baineann na saincheisteanna dlí seo leis an measúnú ar na coinníollacha chun Airteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais a chur i bhfeidhm sa chás seo.

51 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó aithris 32 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, i gcomhréir le hAirteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, go ndearna an Coimisiún measúnú ar theacht timpeall a bheith ann, sa chás seo, agus go ndearna sé scrúdú i ndiaidh a chéile ar an méid seo a leanas:

– an raibh athrú ar an ngréasán trádála idir tríú tíortha (eadhon an tSín, an Éigipt agus Maracó) agus an tAontas (arb é an chéad choinníoll);

– ar eascair an t-athrú sin as cleachtas, próiseas nó as obair nach raibh cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leis seachas forchur na dleachta (arb é an dara coinníoll);

– an raibh fianaise ann go ndearnadh díobháil nó go raibh an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na dleachta i dtéarmaí phraghsanna agus/nó chainníochtaí an táirge chomhchosúil (arb é an tríú coinníoll) agus ar bhain an táirge comhchosúil nó páirteanna díobh a allmhairíodh tairbhe fós as an bhfóirdheontas (arb éan ceathrú coinníoll).

52 Sa chás seo, in aithris 33 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, thug an Coimisiún dá aire '[i]n Airteagal 23(3), an dara fomhír, den bhun-Rialachán [frith-fhóirdheontais], [níor liostaíodh] oibríochtaí cóimeála go sonrach mar chleachtas, próiseas nó obair arb ionann agus imchéimniú iad', ach '[úsáideadh] an fhoclaíocht *inter alia* go sainráite [san fhomhír sin], rud a chiallaíonn [gur sholáthair] sé liosta neamh-uileghabhálach de chleachtais imchéimniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann' agus '[d]á thoradh sin, [cumhdaíodh] cleachtais imchéimniúcháin eile leis freisin, cleachtais nach [raibh] liostaithe go sainráite san Airteagal atá i gceist, amhail oibríochtaí cóimeála'. Dá bhrí sin, 'ós rud é gur tharraing an fhianaise [a cuireadh ar fáil leis an iarraidh ar imscrúdú a thionscnamh] aird ar oibríochtaí cóimeála i Maracó, rinne an Coimisiún [i gcomhthéacs scrúdú a dhéanamh ar an dara coinníoll atá i gceist] anailís níos sonraí féachaint, de réir analaí, ar comhlíonadh na critéir a leagtar amach in Airteagal 13(2) de [Rialachán (AE) 2016/1036], agus go háirithe ar cuireadh tús leis an oibríocht chóimeála, nó ar tháinig méadú mór uirthi, ón tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais, nó díreach roimhe[, an] ón tír atá faoi réir na mbeart na páirteanna ábhartha [,an] ionann na páirteanna agus 60 % nó níos mó de luach iomlán pháirteanna an táirge tar éis a chóimeáilte, agus más luach níos mó ná 25 % den chostas monaraíochta breisluach na bpáirteanna a tugadh isteach le linn na hoibríochta cóimeála nó críochnaithe'.

53 Sa chás seo, ní chuireann an t-iarratasóir i gcoinne an mheasúnaithe ar an gcéad choinníoll ná ar an tríú coinníoll dá dtagraítear i mír 51 thuas. Ar an taobh eile, cuireann sí i gcoinne an mheasúnaithe ar an dara agus ar an gceathrú coinníoll dá dtagraítear sa mhír céanna.

1. Barúlacha tosaigh

54 Ba cheart a mheabhrú, de réir an chásdlí, i réimse an chomhbheartais tráchtála, agus go háirithe i réimse na mbeart cosanta trádála, go bhfuil lánrogha leathan ag institiúidí an Aontais mar gheall ar chastacht na staideanna eacnamaíocha, polaitiúla agus dlíthiúla nach mór dóibh a scrúdú. Ní mór, dá bhrí sin, athbhreithniú breithiúnach ar mheasúnú den sórt sin a theorannú d'fhíorú ar comhlíonadh na rialacha nós imeachta ábhartha, ar chruinneas ábhartha na bhfíorais ar a bhfuil an rogha atá faoi chonspóid bunaithe agus ar easpa earráid fhollasach mheasúnaithe ar na fíorais sin nó ar easpa mí-úsáid cumhachtaí. (féach breithiúnas an 26 Eanáir 2017, *Maxcom* v *Chin Haur Indonesia*, C-247/15 P, C-253/15 P agus C-259/15 P, EU:C:2017:61, mír 54 agus an cásdlí a luaitear).

2. Fiúntas an tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid gur mheas an Coimisiún nach raibh cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch le láithreán táirgthe an iarratasóra a bhunú i Maracó seachas dleachtanna frithchúitimh a fhorchur agus sárú ar an gceart chun dea-riaracháin sa mhéid gur mhainnigh an Coimisiún scrúdú cúramach neamhchlaonta a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha uile an cháis atá i gceist

55 Go bunúsach, roinntear an saincheist dlí seo ina dhá chuid.

56 I gcomhthéacs na chéad choda, áitíonn an t-iarratasóir, mar aon leis an idiragraí mar thaca leis, ar dtús, go bhfuil an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid bunaithe ar earráidí follasacha measúnaithe agus go bhfuil sé de shárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid is gur chinn an Coimisiún nach raibh cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach lena láithreán táirgthe a bhunú i Maracó seachas dleachtanna frithchúitimh a fhorchur.

57 Ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, gur mhínigh sé go fada le linn an imscrúdaithe frith-imchéimniúcháin agus gur léirigh sé go raibh cúis chuí agus bonn cirt eacnamaíoch le bunú a láithreáin táirgthe i Maracó. Dar leis an iarratasóir, tá bunú an láithreáin sin mar thoradh, *inter alia*, ar an bplean forbartha seanbhunaithe arna tharraingt suas ag Grúpa PGTEX, a bhfuil sé mar chuid de. Déantar foráil sa phlean sin maidir le [*faoi rún*] .[1] Measann sé gur bhain an Coimisiún úsáid as comhghaol ama amháin chun neamhaird a thabhairt ar fhianaise shoiléir agus dhaingean go raibh an cinneadh chun a láithreán táirgthe a bhunú i Maracó bunaithe ar ghnéithe eacnamaíocha agus lóistíochta, seachas ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a thionscnamh. Maíonn sé gur thug an Coimisiún neamhaird freisin ar an bhfianaise a chuir sé ar fáil chun a mhíniú gur cuireadh moill ar chruthú a láithreáin táirgthe i Maracó [*faoi rún*].

58 Ar an dara dul síos, maíonn an t-iarratasóir, cé gur bunaíodh a láithreán táirgthe i Maracó i mí Dheireadh Fómhair 2019, go raibh roinnt réamhchéimeanna roimh an bpróiseas bunaíochta, rud a léiríonn gur cinneadh an láithreán táirgthe sin a bhunú i bhfad sular tionscnaíodh aon imscrúdú agus nach raibh sé d'aidhm ag, ná beartaithe leis an gcruthú sin, teach timpeall ar bhearta cosanta trádála an Aontais. Go háirithe, dar leis an iarratasóir, rinneadh an cinneadh láithreán táirgthe a bhunú i Maracó [*faoi rún*].

59 Ar an tríú dul síos, áitíonn an t-iarratasóir go ndearna an Coimisiún earráid trí dhiúltú do mhaíomh an idiragraí mar thaca leis gur bunaíodh a láithreán táirgthe i Maracó chun freastal ar [*faoi rún*]. Deimhnítear leis an doiciméadacht bhreise gur tharla plé cheana féin maidir le monarcha a bhunú i Maracó i mí [*faoi rún*], agus é mar aidhm leis sin, go háirithe, soláthar a chur ar fáil do chustaiméir mór áitiúil. Sonraíonn an t-iarratasóir freisin, le linn na héisteachta ar DGN an 10 Eanáir 2021, gur mhínigh sé go raibh sé beartaithe go bhfreagródh a bhunú i Maracó don mhéadú ar an éileamh ar [*faoi rún*] agus gur chomhfhreagair an tréimhse thagartha do chéim thionscnaimh agus go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 ar an gcéim sin, rud a bhí ina chúis le moilleanna ar na próisis iniúchóireachta cáilíochta agus iniúchóireachta monarchan i Maracó.

60 Ar an gceathrú dul síos, áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid mícheart nuair a líomhnaíonn sé go ndeimhnítear go sainráite i dtuarascáil bhliantúil 2019 PGTEX China gurbh é forchur féideartha dleachtanna frithdhumpála an chúis lena láithreán táirgthe a chruthú i Maracó. Dar leis an iarratasóir, deir an tuarascáil sin gur bunaíodh a láithreán táirgthe ní hamháin le 'freagairt go gníomhach d'imscrúdú frithdhumpála an Aontais i gcoinne [Dhaon-Phoblacht] na Síne', ach freisin chun 'tuilleadh barr feabhais a chur ar a straitéis um idirnáisiúnú agus an straitéis sin a choigeartú, an sciar mhargaidh de tháirgí a chomhdhlúthú agus a mhéadú [*faoi rún*], freastal ar an éileamh ó chustaiméirí, agus an soláthar do chustaiméirí a chosaint'. Dá bhrí sin, ní dhéantar tagairt sa tuarascáil sin do 'theacht timpeall', ach do 'bhearta' a rinneadh mar fhreagairt ar an imscrúdú frithdhumpála, a bhfuil údar cuí leo de bharr 'straitéis um idirnáisiúnú', 'éileamh ó chustaiméirí' agus an mhian 'an soláthar do chustaiméirí a chosaint'. Áitíonn an t-iarratasóir go raibh sé i gceist leis an tuarascáil atá i gceist, dá bhrí sin, infheisteoirí a

[1] Sonraí faoi rún fágtha ar lár.

chur ar a suaimhneas agus a chur in iúl dóibh nach raibh baint aige le bearta frithdhumpála nó frithchúitimh, ós rud é go raibh sé beartaithe cheana féin ag Grúpa PGTEX freastal ar mhargadh an Aontais trí mhonarcha i Maracó.

61 I ndáil leis sin, cuireann an t-idiragraí mar thaca leis an iarratasóir in iúl freisin gur léir ón bhfrása ‘nach bhfuil cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leo seachas forchur na dleachta’ in Airteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais nach mór forchur na dleachta a bheith ar an bpríomhchúis, mura é an t-aon chúis amháin é, leis an gcleachtas, leis an idirbheart nó leis an obair atá i gceist. Ní leor go bhfuil forchur na dleachta ar cheann de na cúiseanna leis an gcleachtas, leis an idirbheart ná leis an obair. Ba cheart a léiriú nach leor na cúiseanna eacnamaíocha nó na réasúnuithe eacnamaíocha eile a d’fhéadfadh a bheith ann, ionas gurb é forchur na dleachta an phríomhchúis leis an gcleachtas, leis an idirbheart nó leis an obair.

62 Ina theannta sin, áitíonn an t-idirghabhálaí mar thaca leis an iarratasóir nach bhfuil an t-iarratasóir an t-aon chuideachta a bhunaigh i Maracó chun lanna tuirbíní gaoithe a sholáthar do mhonaróirí. Dar leis an idirghabhálaí, a bhuí leis an gComhaontú Comhlachais, níl allmhairí de thionscnamh Mharacó isteach san Aontas faoi réir dleachtanna custaim, ach bíonn gnáthdhleachtanna custaim de 7 % ar allmhairí GFF de thionscnamh na Síne. Dá bhrí sin bheadh Maracó i riocht níos fearr ná an tSín chun GFF a mhonarú agus a onnmhairiú chuig an Aontas. Ar an ábhar sin, bunaíodh láithreán táirgthe an iarratasóra i Maracó go neamhspleách ar thionscnamh an imscrúdaithe frith-fhóirdheontais, chun go bhféadfadh sé freastal ar an éileamh atá ag dul i méid ar GFF i Maracó agus chun soláthar don Aontas gan bheith faoi réir gnáthdhleachtanna custaim. Dá bhrí sin, de réir an idirghabhálaí mar thaca leis an iarratasóir, tá cúis chuí nó bonn cirt eacnamaíoch ann seachas forchur na ndleachtanna dualgais chun an t-iarratasóir a bhunú i Maracó, a mhéid a chruthófaí an chuideachta sin fiú mura tionscnaíodh aon imscrúdú frith-fhóirdheontais ar allmhairí GFF de thionscnamh na Síne.

63 Sa dara cuid, áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid de shárú ar an gceart chun dea-riaracháin sa mhéid is nach ndearna an Coimisiún scrúdú cúramach neamhchlaonta ar ghnéithe ábhartha uile an cháis atá i gceist agus, go háirithe, a mhéid, ar an gcéad dul síos, a dhiúltaigh an Coimisiún doiciméid a thaispeánann go raibh a bhunú i Maracó beartaithe i bhfad roimh thionscnamh an imscrúdaithe frithdhumpála nó frithchúitimh a chur san áireamh, ar an dara dul síos, dhiúltaigh sé barúlacha údaráis Mharacó lena dtugtar le fios go ndearnadh teagmháil leis na húdaráis sin chomh luath le [*faoi rún*] agus, mar sin, sular tionscnaíodh aon imscrúdú, ar an tríú dul síos, dhiúltaigh sé d’argóintí an idirghabhálaí mar thaca leis agus fianaise eile sa chomhad a thaispeánann go raibh a mhonarcha i Maracó bunaithe chun freastal ar [*faoi rún*] agus, ar an gceathrú dul síos, ní dhearna sé anailís cheart ar thuarascáil bhliantúil 2019 PGTEX China.

64 Déanann an Coimisiún, mar aon leis an idiragraí mar thaca leis, argóintí an iarratasóra a dhíospóid.

65 Sula ndéanfar scrúdú ar an dá chuid den tsaincheist dlí seo i ndiaidh a chéile, ní mór a mheabhrú conas a rinne an Coimisiún measúnú sa chás seo ar an dara coinníoll is gá chun a shuíomh gurb ann do theacht timpeall (féach mír 50 thuas). Go háirithe, ba cheart aithrisí an Rialacháin Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid a leagan amach go hachomair inar mheas an Coimisiún nach raibh cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach ann le láithreán táirgthe an iarratasóra a bhunú i Maracó seachas dleachtanna frithchúitimh a fhorchur.

(a) Measúnú ar an easpa cúis chuí nó bonn cirt eacnamaíoch le láithreán táirgthe an iarratasóra a bhunú i Maracó seachas dleachtanna frithchúitimh a fhorchur sa Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid

66 Tar éis dó a chinneadh, in aithris 61 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, '[d]e réir bhrí Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán [frith-fhóirdheontais], is athrú ar phatrún na sreafaí trádála idir Maracó agus an tAontas é an méadú ar onnmhairí GFF ó Mharacó chuig an Aontas, mar aon leis an méadú suntasach ar onnmhairí caisirníní snáithíní gloine ón tSín chuig Maracó in 2020 i gcomparáid le 2019', mheabhraigh an Coimisiún, in aithris 62 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, go '[gc]eanglaítear le hAirteagal 23(3) den bhun-Rialachán [go n-eascróidh] an t-athrú ar an ngréasán trádála as cleachtas, próiseas nó obair nach [raibh] cúis chuí nó bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leo seachas forchur na dleachta'.

67 Dá bhrí sin scrúdaigh an Coimisiún an dara coinníoll is gá chun a shuíomh gurb ann do theacht timpeall maidir le láithreán táirgthe an iarratasóra a bhunú i Maracó.

68 I ndáil leis sin, in aithris 64 den Rialachán Cur Chun Feidhme faoi chonspóid, chinn an Coimisiún, '[d]e réir thíolacadh údaráis Mharacó [...], is ar an 20 Márta 2019 a tharla an chéad teagmháil le Grúpa PGTEX chun monarcha a chur ar bun i Maracó, mí amháin tar éis thionscnamh an imscrúdaithe frithdhumpála [...] agus 2 mhí roimh thionscnamh an [imscrúdaithe frith-fhóirdheontais]' agus gur '[b]unaíodh [an t-iarratasóir] ar an 2 Deireadh Fómhair 2019, thart ar 5 mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe frith-fhóirdheontais' agus go '[dt]ugann an comhtharlú sin ó thaobh an ama de le fios [don Choimisiún] gurbh é an forchur féideartha dleachtanna ba chúis le bunú [an iarratasóra]'.

69 In aithris 65 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, dúirt an Coimisiún freisin, '[b]unaithe ar an liostú díolacháin arna chur isteach ag [an iarratasóir], i rith 2020, is chuig margadh an Aontais a chuaigh gach díolachán onnmhairiúcháin de chuid [an iarratasóra], ach níor díoladh ach codán beag dá tháirgeadh in 2020 ar [an margadh Mharacó]' agus '[t]hairis sin, is le custaiméirí san Aontas a díoladh a dhíolacháin onnmhairiúcháin go léir le linn [na bliana] 2020, custaiméirí dá mbíodh PGTEX China ag soláthar san am atá thart'. Is amhlaidh a thugann an méid sin le fios don Choimisiún gurbh é 'forchur féideartha na ndleachtanna ba chúis le bunú [an iarratasóra]', cás inar '[d]earbhaíodh sin go sainráite i dtuarascáil bhliantúil 2019 PGTEX China'.

70 Ina theannta sin, in aithris 67 den Rialachán Cur Chun Feidhme a bhí á chonspóid, dhiúltaigh an Coimisiún don argóint a chuir an Grúpa PGTEX chun cinn go raibh dóthain spreagtha agus údar eacnamaíoch ann chun an t-iarratasóir a chruthú. Go háirithe, i ndáil leis sin, thug sé faoi deara 'gur léirigh an doiciméadacht, arna cur isteach ag Grúpa PGTEX an 15 Deireadh Fómhair 2021, go raibh measúnú á dhéanamh ag [an nGrúpa sin] ar feadh i bhfad roimh thionscnamh an imscrúdaithe [frith-fhóirdheontais] maidir le cé acu tír ina mbunófaí an chuideachta' agus gur '[r]inneadh machnamh ar thíortha éagsúla ina bhféadfaí an chuideachta a bhunú, tíortha lena n-áirítear Maracó'. Mar sin féin, dar leis an gCoimisiún, is fíor fós 'gur bunaíodh [an t-iarratasóir] ar deireadh an 2 Deireadh Fómhair 2019, tuairim is 7 mí tar éis thionscnamh [an imscrúdaithe sin]' gur '[c]omhdhearbhaíodh é sin le ráiteas ó údaráis Mharacó inar sainíodh gur siar go dtí an 20 Márta 2019 a théann an teagmháil a bhí acu le PGTEX maidir le monarcha a bhunú, díreach tar éis thionscnamh an imscrúdaithe [atá i gceist], mar sin de' agus gur '[l]éirigh sé sin go raibh teagmháil fhoirmiúil ann ó Mhárta 2019 le húdaráis Mharacó chun cuideachta a bhunú i Maracó, díreach tar éis thionscnamh [an imscrúdaithe sin]'.

71 Ar deireadh, in aithris 69 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh an idiragraí mar thaca leis an iarratasóir gur bhunaigh Grúpa PGTEX a mhonarcha Mharacó chun freastal ar [*faoi rún*] agus, dá bhrí sin, go raibh bonn cirt eacnamaíoch leis an mbunú sin seachas dleachtanna frithchúitimh a sheachaint. I ndáil leis sin, thagair sé, ar an gcéad dul síos, don fhianaise a léiríonn nach raibh bonn cirt eacnamaíoch leis an mbunú sin seachas na dleachtanna frithchúitimh atá i bhfeidhm, amhail tuarascáil bhliantúil 2019 PGTEX China, agus, ar an dara dul síos, mhínigh sé gur leis an Aontas a rinneadh gach díolachán onnmhairiúcháin an iarratasóra agus nár díoladh ach codán beag do tháirgeadh an iarratasóra ar mhargadh Mharacó.

72 I bhfianaise an mhéid thuas, in aithris 70 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, dhearbhaigh an Coimisiún ‘níor léiríodh san imscrúdú [frith-imchéimniúcháin] cúis chuí leordhóthanach nó bonn cirt eacnamaíoch le bunú láithreáin táirgthe GFF i Maracó, seachas chun íoc na ndleachtanna [frithchúitimh] atá i bhfeidhm faoi láthair a sheachaint’.

(b) An chéad chuid lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid is gur chinn an Coimisiún nach raibh cúis chuí nó bonn cirt eacnamaíoch le láithreán táirgthe an iarratasóra a bhunú i Maracó seachas dleachtanna frithchúitimh a fhorchur

73 Cuireann an t-iarratasóir in aghaidh an chinnidh in aithris 70 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid (féach mír 72 thuas), ag áitiú, go bunúsach, gur mhínigh sé go fada le linn an imscrúdaithe frith-imchéimniúcháin agus gur léirigh sé go raibh cúis chuí agus bonn cirt eacnamaíoch le bunú a láithreáin táirgthe i Maracó de bharr cúiseanna seachas an toil chun teacht timpeall ar na bearta cosanta trádála a bhí i bhfeidhm. Measann sé gur bhain an Coimisiún úsáid as comhghaol ama amháin chun neamhaird a thabhairt ar fhianaise shoiléir agus dhaingean go raibh an cinneadh chun a láithreán táirgthe a bhunú i Maracó bunaithe ar ghnéithe eacnamaíocha agus lóistíochta, seachas ar imscrúdú frith-fhóirdheontais a thionscnamh.

74 Maidir leis an dáta inar bunaíodh láithreán táirgthe an iarratasóra i Maracó, ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a thíolacann an Coimisiún mar is ceart, go léiríonn an fhianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil, eadhon na ríomhphoist a mhalartaítear idir PGTEX, CPIC agus custaiméirí, idir [faoi rún], mar a tugann an t-iarratasóir féin faoi deara thairis sin, gur measadh go raibh Maracó, cosúil le tíortha eile, mar láithreán féideartha chun monarcha a bhunú. Mar sin féin, mar a dheimhnigh an t-iarratasóir ag an éisteacht, ní eascraíonn sé as na malartuithe sin gur glacadh cinneadh fíor chun láithreán táirgthe an iarratasóra i Maracó a bhunú idir [*faoi rún*], is é sin le rá, roimh thionscnamh an imscrúdaithe frith-fhóirdheontais. Ar an gcaoi chéanna, ní thugtar le fios sa chomhfhreagras a mhalartaítear idir bainisteoirí CPIC tar éis cuairt a thabhairt ar Mharacó an [*faoi rún*] gur glacadh cinneadh chun láithreán táirgthe den sórt sin a bhunú i Maracó an [*faoi rún*]. Go háirithe, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil sa ‘staidéar indéantachta’ atá i gceangal leis an doiciméadacht bhreise, dar dáta an [*faoi rún*], ach nóta inmheánach a bhaineann le cruinnithe measúnaithe infheistíochta CPIC i Maracó. Ní cosúil ón doiciméad sin gur glacadh cinneadh an láithreán táirgthe sin a bhunú i Maracó ag an am sin.

75 Ar an dara dul síos, is léir ó bharúlacha údaráis Mharacó gur ‘bunaíodh [an t-iarratasóir] i mí Dheireadh Fómhair 2019’. Cé gur fíor go gcuireann na húdaráis sin in iúl, cosúil le haon bhunú cuideachta, roimh an bpróiseas chun láithreán táirgthe an iarratasóra a bhunú, ‘go raibh roinnt réamhchéimeanna, amhail staidéir indéantachta lena léirítear go raibh an cinneadh PGTEX a bhunú roimh fhorchur na mbeart agus nach raibh sé d’aidhm ná beartaithe leis teacht timpeall ar bhearta cosanta trádála [an Aontais]’, deir siad, áfach, ‘go dtéann an teagmháil idir PGTEX agus

[iad siúd] chun monarcha PGTEX a bhunú i Maracó siar go dtí an 20 Márta 2019, is é sin le rá, díreach tar éis [thionscnamh] an [imscrúdaithe frithdhumpála]'. Dá bhrí sin, ní dhearna an Coimisiún earráid fhollasach mheasúnaithe nuair a chinn sé, in aithris 67 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, 'go ndeachaigh na teagmhálacha foirmiúla a bunaíodh leis [na húdaráis chéanna] chun gnó a chur ar bun i Maracó siar go mí an Mhárta 2019, díreach tar éis thionscnamh [an imscrúdaithe sin]'.

76 Ar an tríú dul síos, ní dhéanann argóintí an iarratasóra ina mínítear cén fáth ar cuireadh bunú a láithreáin táirgthe i Maracó siar go dtí mí Dheireadh Fómhair 2019 (féach mír 57 thuas) ach conclúid an Choimisiúin a dheimhniú gur tugadh an láithreán táirgthe sin chun críche 5 mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe frith-fhóirdheontais.

77 Dá bhrí sin, mar a chinn an Coimisiún mar is ceart in aithris 67 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, tá comhtharlú ama ann idir tionscnamh an imscrúdaithe frith-fhóirdheontais agus bunú láithreán táirgthe an iarratasóra i Maracó. Is féidir le comhtharlú ama den sórt sin, de réir an chásdlí, bonn cirt a thabhairt leis an toimhde gurb é an cuspóir atá le monarcha táirgthe a bhunú sa tír óna n-onnmhairítear na hearraí ná cur i bhfeidhm beart beartais tráchtála a sheachaint (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Nollaig 1989, *Brother International*, C-26/88, EU:C:1989:637, mír 29)

78 Is léir freisin ón gcásdlí, dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil comhtharlú den sórt sin ann ó thaobh ama de, gur faoin oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann atá sé fianaise a thabhairt ar aird ar chúis réasúnach, seachas an mhian na hiarmhairtí a eascraíonn as na bearta atá i gceist a sheachaint, chun láithreán táirgthe a bhunú sa tír óna n-onnmhairítear na hearraí (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Nollaig 1989, *Brother International*, C-26/88, EU:C:1989:637, mír 29)

79 I ndáil leis sin, maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, gurbh é an cuspóir a bhí lena láithreán táirgthe a bhunú i Maracó plean leathnaithe fadtéarmach arna tharraingt suas ag Grúpa PGTEX, ar cuid de é, [*faoi rún*] a chur chun feidhme. Go háirithe, tá sé i gceist leis an mbunú sin soláthar do chustaiméir áitiúil tábhachtach agus, ar bhonn níos ginearálta, freagairt don mhéadú ar an éileamh ar [*faoi rún*]. Dá réir sin, trí dhiúltú d'argóint an idiragraí mar thaca leis an iarratasóir gur bhunaigh an grúpa sin a mhonarcha Mharacó chun freastal ar [*faoi rún*], rinne an Coimisiún earráid.

80 Thairis sin, chun na líomhaintí sin a chruthú, dá dtagraítear i mír 79 thuas, tagraíonn an t-iarratasóir dá chomhfhreagras le CPIC agus le custaiméirí, chomh maith le cur i láthair phlean leathnaithe Ghrúpa PGTEX maidir leis na [*faoi rún*] ar an doiciméadacht bhreise, agus do na sleamhnáin don éisteacht ar an DGN an 10 Eanáir 2021.

81 I ndáil leis sin, áfach, ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, nach bhfuil aon tagairt sa chomhfhreagras a chuireann an t-iarratasóir i gceangal leis an doiciméadacht bhreise d'fhíorphlean leathnaithe Ghrúpa PGTEX [*faoi rún*]. Mar a tugadh faoi deara i mír 74 thuas, ní chruthaíonn an comhfhreagras sin ach gur measadh Maracó, chomh maith le tíortha eile, mar láithreán féideartha chun monarcha a bhunú.

82 Ar an dara dul síos, fiú dá bhféadfadh cur i láthair phlean leathnaithe Ghrúpa PGTEX [*faoi rún*] a léiriú gur cuireadh an plean sin chun feidhme i ndáiríre, ní leor é sin chun a chruthú gur cumhdaíodh Maracó le plean den sórt sin. Níl aon doiciméad curtha ar fáil ag an iarratasóir a bhaineann le pleananna an ghrúpa chun leathnú a dhéanamh i Maracó. Mar a deimhníodh ag an

éisteacht, tá dearbhú simplí gan bhunús an iarratasóra sna sleamhnáin don éisteacht ar an DGN an 10 Eanáir 2021, i bhfad ó fhianaise a sholáthar maidir leis an bplean atá i gceist a chur i bhfeidhm gur bunaíodh é *[faoi rún]*.

83 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéanann an t-iarratasóir díospóid faoin bhfianaise ar a raibh an Coimisiún ag brath agus é ag diúltú don argóint gur bhunaigh an Grúpa PGTEX a mhonarcha Mharacó d'fhonn freastal ar na margaí [*faoi rún*]. Go háirithe, ní chaitheann an t-iarratasóir amhras ar an gcinneadh, in aithris 65 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, '[b]unaithe ar an liostú díolacháin arna chur isteach [aige], i rith 2020, is chuig margadh an Aontais a chuaigh gach díolachán onnmhairiúcháin de chuid PGTEX Morocco SARL, ach níor díoladh ach codán beag dá tháirgeadh in 2020 ar [mhargadh Mharacó]'.

84 Ar an gcaoi chéanna, ní thagann dearbhú an iarratasóra go luaitear i dtuarascáil bhliantúil 2019 PGTEX China gur bunaíodh a láithreán táirgthe i Maracó leis an aidhm ní hamháin 'freagairt go gníomhach d'imscrúdú frithdhumpála an Aontais i gcoinne [Dhaon-Phoblacht] na Síne', ach freisin leis an aidhm 'tuilleadh barr feabhais a chur ar a straitéis um idirnáisiúnú', salach ar chinneadh an Choimisiúin gur cinneadh bunú an láithreáin táirgthe sin chun freagairt go gníomhach d'imscrúdú frithdhumpála an Aontais i gcoinne [Dhaon-Phoblacht] na Síne. Ní leor an ráiteas sin ach an oiread chun fianaise a sholáthar ar chúis réasúnach an iarratasóra a bheith bunaithe i Maracó, seachas an mhian chun na bearta frith-fhóirdheontais atá i gceist a sheachaint, i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 78 thuas.

85 Dá bhrí sin, ní mór a mheas nár éirigh leis an iarratasóir amhras a chaitheamh ar chonclúid an Choimisiúin in aithris 70 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, ar dá réir 'níor léiríodh san imscrúdú [frith-imchéimniúcháin] cúis chuí leordhóthanach nó bonn cirt eacnamaíoch le bunú láithreáin táirgthe GFF i Maracó, seachas chun íoc na ndleachtanna [frithchúitimh] atá i bhfeidhm faoi láthair a sheachaint'.

86 Dá bhrí sin, ní féidir leis an iarratasóir gearán a dhéanamh go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach mheasúnaithe nó gur sháraigh sé Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais.

87 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad chuid den tríú saincheist dlí toisc í a bheith gan bhunús.

(c) An dara cuid, lena n-éilítear sárú ar an gceart chun dea-riaracháin sa mhéid gur mhainnigh an Coimisiún scrúdú cúramach neamhchlaonta a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha uile an cháis atá i gceist

88 Déanann an t-iarratasóir gearán nach ndearna an Coimisiún scrúdú cúramach neamhchlaonta ar ghnéithe ábhartha uile an cháis atá i gceist. I dtaca leis sin, ba cheart a mheabhrú, de réir cásdlí socair, i réimse na mbeart cosanta trádála, ina bhfuil lánrogha leathan ag institiúidí an Aontais (féach mír 54 thuas), go bhfuil tábhacht níos bunúsaí fós ag urraim do na ráthaíochtaí á tabhairt le hord dlíthiúil an Aontais i nósanna imeachta riaracháin níos bunúsaí fós. Áirítear leis na ráthaíochtaí sin, go háirithe, dualgas na hinstitiúide inniúla scrúdú cúramach neamhchlaonta a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha uile an cháis atá i gceist. (féach breithiúnas an 24 Bealtaine 2012, *JBF RAK* v *an Chomhairle*, T-555/10, nár foilsíodh, EU:T:2012:262, mír 112 agus an cásdlí a luaitear).

89 I ndáil leis sin, is léir ón anailís ar an gcéad chuid den tríú pléadáil, ar an gcéad dul síos, nach léiríonn na doiciméid arna soláthar ag an iarratasóir ná barúlacha údaráis Mharacó go raibh sé beartaithe láithreán táirgthe an iarratasóra a bhunú i Maracó i bhfad sular tionscnaíodh an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais i gcoinne Dhaon-Phoblacht na Síne, ar an dara dul síos, nach ndearna an Coimisiún earráid maidir le diúltú d'argóint an idiragraí mar thaca leis an iarratasóir gur bhunaigh Grúpa PGTEX a mhonarcha Mharacó chun freastal ar mhargaí [*faoi rún*] agus, dá bhrí sin, nach raibh aon bhonn cirt eacnamaíoch leis an mbunú sin seachas an mhian na dleachtanna frithchúitimh atá i bhfeidhm a sheachaint agus, ar an tríú dul síos, go ndearna an Coimisiún anailís chuí ar thuarascáil bhliantúil 2019 PGTEX China.

90 Sna himthosca sin, ní féidir leis an iarratasóir brath go bailí ar mhainneachtain an Choimisiúin a oibleagáid a chomhlíonadh scrúdú cúramach neamhchlaonta a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha uile an cháis atá i gceist.

91 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chuid seo agus don tríú saincheist dlí ina n-iomláine.

3. Fiúntas an cheathrú saincheist dlí lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe, sáruithe ar an gceart chun dea-riaracháin agus ar phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne agus sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid gur chinn an Coimisiún gur oibríocht chóimeála é an próiseas monaraíochta arna chur chun feidhme ag an iarratasóir i Maracó

92 Roinntear an saincheist dlí seo ina thrí chuid.

93 Leis an gcéad chuid, féachann an t-iarratasóir, go bunúsach, le cur i gcoinne chuimsiú an choincheapa 'd'oibríochtaí cóimeála' dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO 2016 L 176, lch. 21, 'an bun-Rialachán frithdhumpála') faoi raon feidhme an dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais. Leis an dara cuid, féachann sé le amhras a chaitheamh ar oibríochtaí cóimeála a bheith ann i Maracó, sa chás seo, de réir bhrí Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála. Ar deireadh, lena thríú pléadáil, cuireann sé i gcoinne mheasúnú an Choimisiúin ar an gcritéar maidir leis an luach atá curtha leis dá dtagraítear in Airteagal 13(2)(b) den Rialachán sin.

(a) An chéad chuid lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid gur chuir an Coimisiún an coincheap 'oibríocht chóimeála' dá dtagraítear in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála i bhfeidhm de réir analaí

94 Ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-iarratasóir, mar aon leis an idiragraí mar thaca leis, nach bhfuil an difríocht idir foclaíocht an dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, nach dtagraíonn 'd'oibríochtaí cóimeála' ná don cheathrú fomhír d'Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála ina luaitear na hoibríochtaí sin go sainráite, mar thoradh ar neamhghníomh amháin agus nach bhfuil aon bhrí leis. Dar leis, dá mbeadh sé beartaithe ag reachtas an Aontais oibríochtaí cóimeála a chumhdach leis an gcleachtas, próiseas nó obair dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, bheadh sé sin ráite go sainráite aige, mar a rinne sé sa cheathrú fomhír d'Airteagal 13(1) den

bhun-Rialachán frithdhumpála. Dá bhrí sin, maidir leis an neamhghníomh sin d'aon ghnó, ba cheart a mheas go gcuirtear bac leis ar an gcinneadh gur féidir 'teacht timpeall' ar na bearta frithchúitimh trí oibríochtaí cóimeála.

95 Thairis sin, dar leis an iarratasóir, ós rud é go n-úsáidtear an nath '*inter alia*' sa dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, ní chiallaíonn sé sin go bhféadfadh an fhoráil sin cleachtais teacht timpeall líomhnaithe a chumhdach a eascraíonn as oibríochtaí cóimeála. Glacadh an Rialachán sin agus an bun-Rialachán frithdhumpála ar thogra ón gCoimisiún an lá céanna. Ina theannta sin, cheap Parlaimint na hEorpa an rapóirtéir céanna don dá théacs agus, ar leibhéal na Comhairle, bhí an Uachtaránacht chéanna freagrach as an dá théacs. Ar aon chuma, de réir an iarratasóra, eascraíonn an difríocht idir na rialacha maidir le teacht timpeall ar fhrithdhumpáil agus ar fhrith-fhóirdheontais as Rialachán aonair lenar leasaíodh na bunrialacha frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a bhí ann roimhe sin, eadhon Rialachán (CE) Uimh. 461/2004 ón gComhairle an 8 Márta 2004 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 384/96 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad agus Rialachán (CE) Uimh. 2026/97 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheontais ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO 2004 L 77, lch. 12). Dá bhrí sin, ba cheart an difríocht sin a chur san áireamh.

96 Ar an dara dul síos, áitíonn an t-iarratasóir gurbh ionann leathnú raon feidhme na ndleachtanna frithchúitimh ar fhoras oibríochtaí cóimeála lena dtugtar tionscnamh agus dleachtanna den sórt sin a chur i bhfeidhm ar fhóirdheontais nár dheonaigh an tír thionscnaimh ná an tír is onnmhaireoir iad. De réir an iarratasóra, forchuirtear leis an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, mar shampla, dleachtanna frithchúitimh ar tháirgí a líomhnaítear a bheith fóirdheonaithe ag an tSín seachas ag a dtír thionscnaimh agus is onnmhaireoir, eadhon Maracó.

97 Leis an gceanglas dlíthiúil nach mór don tír thionscnaimh nó don tír is onnmhaireoir fóirdheontais a dheonú lena bhfritháireamh, thabharfaí bonn cirt ann féin le foclaíocht éagsúil Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála agus Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais. Dá ndéanfaí mionmhodhnuithe, trasloingsiú nó atheagrú ar bhealaí díolacháin sa tír atá faoi réir beart (eadhon an cleachtas, próiseas nó obair teacht timpeall a chumhdaítear leis an mbun-Rialachán frith-fhóirdheontais agus leis an mbun-Rialachán frithdhumpála araon), ní thiocfadh athrú ar thír thionscnaimh ná ar thír is onnmhaireoir na dtáirgí, murab ionann agus oibríochtaí cóimeála (eadhon an cleachtas, an próiseas nó an obair teacht timpeall nach gcumhdaítear ach leis an mbun-Rialachán frithdhumpála).

98 Dá bhrí sin, tá bonn cirt freisin le foclaíocht éagsúil Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála agus Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais i ngeall ar chuspóirí éagsúla an dá ionstraim, rud a chiallaíonn nach féidir an riail maidir le hoibríochtaí cóimeála in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála a chur i bhfeidhm de réir analaí le hAirteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais.

99 Ós rud é gurb é cuspóir na forála frith-imchéimniúcháin éifeachtacht na mbeart a áirithiú, áfach, ní cheadófaí don Choimisiún, ná don Chúirt Ghinearálta, a bheith ina reachtóirí de chuid an Aontais ná téacs bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais a leasú trí oibríochtaí cóimeála a áireamh. Tá cúis amháin ann nach gcumhdaítear na hidirbhearta sin leis an dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, eadhon, murab ionann agus an méid dá dtagraítear in Airteagal 13 den bhun-Rialachán frithdhumpála, nach féidir critéir na bpáirteanna agus an

bhreisluacha a úsáid i gceart. D'fhéadfadh na fóirdheontais a fhaigheann na páirteanna sa tír thionscnaimh a luach a laghdú go suntasach agus an critéar maidir le 60 % de luach iomlán na bpáirteanna a dhéanamh neamhéifeachtach.

100 Dá bhrí sin, a mhéid a eisiatar oibríochtaí cóimeála le foclaíocht Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais agus go mbeadh aon chuimsiú de réir analaí contrártha do chomhthéacs agus do chuspóirí an bhun-Rialacháin frith-fhóirdheontais, ní féidir an coincheap maidir le hoibríochtaí cóimeála dá dtagraítear in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála a chur i bhfeidhm de réir analaí chun teacht timpeall na ndleachtanna frithchúitimh a shuí. Níl aon bhonn cirt ach oiread le critéir an luacha iomláin (eadhon 60 %) agus an bhreisluacha (eadhon 25 %) a chur i bhfeidhm de réir analaí.

101 Ar an tríú dul síos, is ábhar iontais don iarratasóir nár chuir an Coimisiún, a bhí ag tionscnamh an dá thogra le haghaidh bun-Rialachán agus a dhréachtaigh Airteagal 13 den bhun-Rialachán frithdhumpála agus Airteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, doiciméad aonair ar fáil a bhaineann le stair reachtach na dtéacsanna sin ina léirítear na cúiseanna ar fágadh oibríochtaí cóimeála ar lár ó fhoclaíocht Airteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais. Dá bhrí sin, iarrann sé ar an gCúirt na doiciméid sin a fháil trí bheart eagrúcháin nós imeachta a ghlacadh.

102 Déanann an Coimisiún, mar aon leis an idiragraí mar thaca leis, argóintí an iarratasóra a dhíospóid.

103 Go bunúsach, leis an gcuid seo den tsaincheist dlí, féachann an t-iarratasóir le cur i gcoinne na mbreithnithe a leag an Coimisiún amach in aithris 33 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid. (féach mír 52 thuas). Go háirithe, cáineann sé an Coimisiún as an gcoincheap maidir le hoibríocht chóimeála dá dtagraítear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála a chur i bhfeidhm d'fhonn a mheas ar tharla teacht timpeall sa chás seo de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, d'ainneoin nach liostaítear oibríochtaí cóimeála go sainráite i measc na gcleachtas, na bpróiseas nó na hoibre arb ionann iad, de réir na forála sin, agus teacht timpeall ar bhearta frith-fhóirdheontais.

104 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go bhfuil an ceathrú fomhír d'Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála mar seo a leanas:

Áirítear na nithe a leanas, *inter alia*, sa chleachtas, próiseas nó obair dá dtagraítear sa tríú fomhír:

(a) modhnú beag ar an táirge lena mbaineann ionas go bhfuil sé faoi réir cóid chustaim nach mbíonn faoi réir na mbeart de ghnáth, ar choinníoll nach n-athraíonn an modhnú sin saintréithe an táirge;

(b) coinsíniú an táirge atá faoi réir bearta trí thríú tíortha;

(c) atheagrú a ngréasán agus a mbealaí díolacháin sa tír atá faoi réir beart ag onnmhaireoirí nó táirgeoirí chun a gcuid táirgí a onnmhairiú faoi dheireadh chuig an Aontas trí tháirgeoirí a bhaineann tairbhe as ráta dleachta aonair atá níos ísle ná an dleacht ráta is infheidhme ar tháirgí na monaróirí;

(d) sna cúinsí a luaitear i mír 2, na páirteanna a chóimeáil ag oibríocht chóimeála san Aontas nó i dtríú tír'.

105 Os a choinne sin, foráiltear mar seo a leanas leis an dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais:

Áirítear na nithe seo a leanas, *inter alia*, sa chleachtas, próiseas nó obair dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) modhnú beag ar an táirge lena mbaineann ionas go bhfuil sé faoi réir cóid chustaim nach mbíonn faoi réir na mbeart de ghnáth, ar choinníoll nach n-athraíonn an modhnú sin saintréithe an táirge;

(b) coinsíniú an táirge atá faoi réir bearta trí thríú tíortha;

(c) atheagrú a ngréasán agus a mbealaí díolacháin sa tír atá faoi réir beart ag onnmhaireoirí nó táirgeoirí chun a gcuid táirgí a onnmhairiú faoi dheireadh chuig an Aontas trí tháirgeoirí a bhaineann tairbhe as ráta dleachta aonair atá níos ísle ná an dleacht ráta is infheidhme ar tháirgí na monaróirí'.

106 Is léir ó fhoclaíocht an cheathrú fomhír d'Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála agus ón dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, mar a thugann an Coimisiún faoi deara in aithris 33 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, nach liostaítear oibríochtaí cóimeála go sainráite i measc na gcleachtas, na bpróiseas nó na hoibre arb ionann iad agus teacht timpeall, dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais.

107 Mar sin féin, ní chiallaíonn easpa aon tagairt d'oibríochtaí cóimeála sa dara fomhír d'Airteagal 23(3) de bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, mar a mhaíonn an t-iarratasóir, go raibh sé beartaithe ag reachtas an Aontais Eorpaigh oibríochtaí cóimeála a eisiamh ó raon feidhme an Airteagail sin.

108 Ós rud é go n-úsáidtear an nath '*inter alia*' go sainráite sa dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, ní mór a mheas, mar a rinne an Coimisiún in aithris 33 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, go soláthraítear leis an Airteagal sin liosta neamh-uileghabhálach de chleachtais teacht timpeall a d'fhéadfadh a bheith ann. Dá thoradh sin, d'fhéadfaí a chumhdach leis an dara fomhír de mhír 3 den Airteagal sin cleachtais imchéimniúcháin nach bhfuil liostaithe go sainráite san Airteagal atá i gceist, amhail oibríochtaí cóimeála.

109 Tacaítear leis an léiriú sin leis an gcásdlí ar dá réir atá sa cheathrú fomhír d'Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála liosta neamh-uileghabhálach na gcleachtas, na bpróiseas nó na hoibre dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin agus ar dá réir nach luaitear ach na cineálacha éagsúla cleachtas teact timpeall mar shampla, mar atá léirithe ag an nath '*inter alia*'. [féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Aibreán 2018, *Asia Leader International (Cambodia)* v *an Coimisiún*, T-462/15, EU:T:2018:196, mír 56]

110 Ní féidir léiriú den sórt sin, atá comhsheasmhach leis an gcuspóir is bun le hAirteagal 23 de bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, eadhon éifeachtacht na mbeart frith-fhóirdheontais atá i bhfeidhm a áirithiú (féach mír 42 thuas), a chur faoi cheist sna hargóintí eile a chuir an t-iarratasóir ar aghaidh.

111 Ar an gcéad dul síos, maidir le hargóint an iarratasóra gur glacadh agus gur foilsíodh an bun-Rialachán frithdhumpála agus an bun-Rialachán frith-fhóirdheontais an lá céanna, agus mar thoradh air sin nach féidir aon tagairt d'oibríochtaí cóimeála sa dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais a thuiscint mar neamhghníomh amháin, ba cheart a thabhairt faoi deara, contrártha leis an méid a éilíonn an t-iarratasóir, go dtéann an difríocht idir foclaíocht Airteagal 13 den bhun-Rialachán frithdhumpála agus foclaíocht Airteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais siar go dtí na Rialacháin frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a tháinig roimh na Rialacháin reatha, eadhon, faoi seach, Rialachán (CE) Uimh. 384/96 ón gComhairle an 22 Nollaig 1995 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO 1996 L 56, lch. 1), agus Rialachán (CE) Uimh. 2026/97 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 1997 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheontais ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO 1997 L 288, lch. 1).

112 Dá bhrí sin, ós rud é gur ceapadh agus gur dréachtaíodh an ceathrú fomhír d'Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála agus an dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais i dtréimhsí agus i gcomhthéacsanna éagsúla, féadfar an difríocht ina bhfoclaíocht a mhíniú.

113 Ar aon chuma, mar a thugtar faoi deara i mír 108 thuas, féadfar an nath '*inter alia*' sa dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais a léiriú amhail go bhféadfar oibríochtaí cóimeála a áireamh faoi raon feidhme an Airteagail sin agus go bhféadfar Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála a chur i bhfeidhm i gcás go gcruthófar go ndearnadh dul timpeall ar bhearta frithfhóirdheontais trí bhíthin oibríochtaí den sórt sin, a dhaingnítear, ina theannta sin, in aithris 18 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais (féach mír 39 thuas).

114 Ansin, maidir le hargóint an iarratasóra go bhfuil bonn cirt le hoibríochtaí cóimeála a eisiamh ó raon feidhme Airteagal 23 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais ós rud é, go bunúsach, gurbh ionann réiteach contrártha agus dleachtanna frithchúitimh a chur i bhfeidhm ar fhóirdheontais nár dheonaigh an tír thionscnaimh ná an tír is onnmhaireoir iad, ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chás seo, contrártha lena bhfuil an t-iarratasóir ag iarraidh a mhaíomh, nach bhfuil an Coimisiún ag iarraidh fóirdheontais arna ndeonú ag Maracó a fhritháireamh, ach, tar éis a shuíomh gur bhain na caisirníní snáithíní gloine leas as roinnt fóirdheontas sa tSín agus go ndearna an t-iarratasóir na caisirníní sin i Maracó, nó gur chríochnaigh sé ann iad, chun a GFF féin a tháirgeadh, leathnaíonn an Coimisiún chuig GFF ó Mharacó na bearta frithchúitimh atá i bhfeidhm cheana féin maidir le GFF ón tSín.

115 Ar deireadh, maidir le hargóint an iarratasóra go bhfuil bonn cirt le neamhghníomh na n-oibríochtaí cóimeála sa dara fomhír d'Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais toisc, gan an neamhghníomh sin, go mbeadh sé dodhéanta critéir na bpáirteanna agus an bhreisluacha a úsáid i gceart, is leor a thabhairt faoi deara, mar a rinne an Coimisiún, nár mhínigh an t-iarratasóir ina phléadálacha ná ag an éisteacht cén fáth a bhféadfadh na fóirdheontais as a dtairbhíonn na páirteanna sa tír thionscnaimh a luach a laghdú go suntasach agus an critéar maidir le 60 % de luach iomlán na bpáirteanna a dhéanamh neamhéifeachtach.

116 Dá réir sin, ní mór a mheas nach ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe ná nár sháraigh sé Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais agus oibríochtaí cóimeála á gcur san áireamh i gcomhthéacs na forála sin agus gur thagair sé do na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála d'fhonn a mheas an raibh, sa chás seo, teacht timpeall ar na bearta frith-fhóirdheontais i bhfeidhm.

117 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chuid seo den tsaincheist dlí, gan gá a bheith ann rialú a thabhairt ar iarraidh an iarratasóra ar bheart eagrúcháin nós imeachta. (féach mír 101 thuas).

(b) An dara cuid lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe, sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais agus sárú ar an gceart chun dea-riaracháin sa mhéid gur chinn an Coimisiún gur oibríocht chóimeála a bhí sa phróiseas monaraíochta arna chur chun feidhme ag an iarratasóir i Maracó

118 Déanann an t-iarratasóir, mar aon leis an idiragraí mar thaca leis, agóid i gcoinne chinneadh an Choimisiúin in aithrisí 76, 77 agus 79 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid go ndéantar a GFF i Maracó, ó chaisirníní snáithíní gloine a gceannaíonn sé gach ceann díobh óna mháthairchuideachta sa tSín, trí bhíthin an phróisis fuála-cniotála, eadhon oibríocht chríochnaithe a thagann faoin gcoincheap oibríochtaí cóimeála de réir bhrí Airteagal 13 den bhun-Rialachán frithdhumpála.

119 I ndáil leis sin, thug an t-iarratasóir, mar réamhphointe, mínithe ar nádúr an phróisis mhonaraíochta agus ar ghníomhaíochtaí eile a rinneadh i Maracó. Go háirithe, míníonn sé go monaraítear GFF i Maracó tríd an bpróiseas fuála-cniotála ó chaisirníní neamhdhaite, agus is dhá tháirge ar leith iad caisirníní agus GFF a bhfuil comhdhéanamh, airíonna agus úsáidí deiridh éagsúla acu agus a chomhfhreagraíonn do dhá thionscal atá go hiomlán difriúil; go bhfuil roinnt céimeanna i bpróiseas monaraíochta GFF nach mór a dhearadh agus a chalabrú go cúramach chun na saintréithe is gá a fháil de réir a n-úsáide ar leith; go bhfuil táirgeadh GFF faoi réir iniúchtaí ar dhearadh, ar dheimhniú, ar tháirgí, ar mhonarchana agus ar threalamh chomh maith le tástáil shamplach chun dianriachtanais an chustaiméara a chomhlíonadh, agus GFF curtha in oiriúint do riachtanais gach custaiméara sa chleachtas; go bhfuil saintrealamh agus saineolas ag teastáil le haghaidh táirgeadh GFF, mar aon le hoiliúint shonrach a théann níos faide ná oibríocht simplí cóimeála agus atá fíor-riachtanach i bhfianaise úsáidí áirithe GFFanna; agus gur léir ó liosta na bhfabhtanna tromchúiseacha a bhfuil castacht ag baint le próiseas monaraíochta GFF, rud a d'fhágfadh nach mbeadh custaiméirí in ann GFF a úsáid.

120 Dá bhrí sin, dar leis an iarratasóir, rinne an Coimisiún earráid agus an próiseas monaraíochta GFF i Maracó agus na gníomhaíochtaí gaolmhara á sainiú aige, in aithris 79 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, mar oibríocht chríochnaithe a thagann faoi raon feidhme oibríochtaí cóimeála de réir bhrí Airteagal 13 den bhun-Rialachán [frithdhumpála]. Measann an t-iarratasóir, cé nár cheart an dá choincheap a mheascadh, nach ionann an próiseas monaraíochta agus oibríocht chóimeála ná oibríocht chríochnaithe.

121 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndearna an Coimisiún earráid agus an coincheap 'oibríocht chóimeála' á chomhshamhlú leis an gcoincheap 'oibríocht chríochnaithe'. Dar leis, tá na coincheapa sin éagsúil, sa mhéid go bhfuil siad scartha leis an gcónasc 'nó', lena léirítear rogha mhalartach, sa bhun-Rialachán frithdhumpála ina luaitear iad. Dá bhrí sin, níl aon rud ann mar thaca leis an gconclúid go bhfuil feidhm ag an sainmhíniú in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála gan idirdhealú maidir le hoibríochtaí cóimeála agus oibríochtaí críochnaithe.

122 Ar an dara dul síos, áitíonn an t-iarratasóir, ós rud é gur cheart a thuiscint gurb é is brí le 'cóimeáil' ná 'próiseas arb é atá ann comhpháirteanna meaisín nó struchtúir a chur le chéile', go dtéann próiseas monaraíochta GFF i Maracó agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leo i bhfad níos faide ná comhpháirteanna a nascadh le chéile agus mar sin ní féidir iad a aicmiú mar oibríocht cóimeála.

123 Ar an tríú dul síos, de réir an iarratasóra, fiú dá mbeadh Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála infheidhme maidir le hoibríochtaí críochnaithe, mheas an Coimisiún go mícheart, sa Rialachán Cur Chun Feidhme faoi chonspóid, gur oibríochtaí críochnaithe iad na hoibríochtaí a rinne sé, eadhon oibríochtaí atá beartaithe chun rud éigin a chur i gcrích. Cuireann sé in iúl nach ndéanann sé ach claochlú caisirníní go GFF a chur i gcrích. Maíonn sé, mar mhalairt air sin, go n-úsáideann sé caisirníní chun táirge iomlán nua a chruthú le tréithe fisiceacha agus teicniúla, úsáidí deiridh agus aicmí taraife éagsúla. Go háirithe, d'fhéadfaí a phróiseas monaraíochta GFF i Maracó a chur i gcomparáid leis an bpróiseas comhchosúil, ach níos simplí, chun fabraicí cadáis a mhonarú as snáthanna cadáis. Déantar caisirníní a fhuáil agus a chniotáil ar an mbealach céanna le snáthanna cadáis chun fabraicí cadáis a tháirgeadh. Ar an mbealach céanna nach snáthanna cadáis simplí atá 'lánchríochnaithe' iad na fabraicí sin, ní caisirníní simplí 'lánchríochnaithe' iad GFF, ach is toradh iad ar phróiseas monaraíochta casta a éilíonn trealamh agus saineolas speisialaithe. Ina theannta sin, d'aithneofaí nádúr bundifriúil na '[g]caisirníní' agus na 'GFF' le tionscal an Aontais, sa ghearán frithdhumpála a thaisctear in 2019 maidir le hallmhairí GFF ón tSín agus ón Éigipt, agus ag an gCoimisiún féin, trí thabhairt isteach na mbeart cosanta trádála i gcoinne caisirníní agus GFF.

124 Déanann an Coimisiún, mar aon leis an idiragraí mar thaca leis, argóintí an iarratasóra a dhíospóid.

125 Sa chás seo, in aithris 76 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, thug an Coimisiún dá aire '[c]aisirníní snáithíní gloine is ea an príomh-amhábhar chun GFF a tháirgeadh', gurb 'óna mháthairghnóthas gaolmhar sa tSín a cheannaigh [an t-iarratasóir] 100 % de na caisirníní snáithíní gloine a d'úsáid sé', '[t]ríd an bpróiseas fuála-cniotála a rinneadh, ar oibríocht chríochnaithe é i Maracó, rinneadh GFF de na caisirníní snáithíní gloine sin' agus '[d]e réir na faisnéise a chuir [an t-iarratasóir] isteach, is iad na caisirníní snáithíní gloine sin beagnach 100 % de luach iomlán na bpáirteanna sin den táirge cóimeáilte [nó] lánchríochnaithe de réir bhrí Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán frithdhumpála'.

126 Dá bhrí sin, in aithris 77 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid 'gur oibríocht chríochnaithe é an próiseas atá ar bun i Maracó (oibríocht chóimeála) agus gur [comhlíonadh] an critéar 60 % a leagtar amach in Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán frithdhumpála[,] arna chur i bhfeidhm de réir analaí i bhfianaise fhoclaíocht Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frithfhóirdheontais, mar a mhínítear in aithris (33) den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid'.

127 Ina theannta sin, in aithris 79 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, shonraigh an Coimisiún '[a]n cleachtas a ndéantar cur síos air in aithris (76) thuas, is féidir sin a mheas mar oibríocht chríochnaithe a thagann faoi choincheap na n-oibríochtaí cóimeála faoi Airteagal 13 den bhun-Rialachán [frithdhumpála]'.

128 Ina theannta sin, ba cheart a mheabhrú, de réir an cheathrú fomhír d'Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála, go '[n-á]irítear na nithe seo a leanas, *inter alia*, sa chleachtas, próiseas nó obair dá dtagraítear sa tríú fomhír [agus ar dócha go mbeidh imchéimniú i gceist leis][,] sna cúinsí a luaitear i mír 2, na páirteanna a chóimeáil ag oibríocht chóimeála san Aontas nó i dtríú tír'.

129 De réir Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála, '[m]easfar go bhfuil oibríocht chóimeála san Aontas nó i dtríú tír ag teacht timpeall ar na bearta atá i bhfeidhm sna cásanna a leanas: [...] is ionann na páirteanna agus 60 % nó níos mó de luach iomlán pháirteanna an táirge

agus é cóimeáilte, ach amháin nach measfar in aon chás go bhfuil teacht timpeall ar bun más luach níos mó ná 25 % den chostas monaraithe an luach atá curtha leis na páirteanna a tógadh isteach le linn na hoibríochta cóimeála nó críochnaithe'.

130 Sa chás seo, is gá a fháil amach an gcaithfear léiriú leathan a thabhairt don choincheap oibríochtaí cóimeála, mar a mholann an Coimisiún agus an t-idiragraí mar thaca leis, a d'fhéadfadh oibríochtaí críochnaithe a chuimsiú, nó, mar a mholann an t-iarratasóir, léiriú sriantach ar dá réir nach dtagann na hoibríochtaí sin faoin gcoincheap oibríocht chóimeála.

131 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a thugann an Coimisiún le fios, nach sainmhínítear leis an mbun-Rialachán frithdhumpála an coincheap oibríocht chóimeála ná an coincheap oibríocht chríochnaithe. Ní shonraítear ann ach oiread cé acu atá nó nach bhfuil na hoibríochtaí deireanacha sin san áireamh sa choincheap oibríocht chóimeála.

132 I gcomhréir le cásdlí socair, agus foráil de dhlí an Aontais á léiriú, is gá ní amháin a foclaíocht a bhreithniú ach freisin an comhthéacs ina bhfuil sé agus cuspóirí na rialacha ar cuid díobh í. (féach breithiúnas an 12 Meán Fómhair 2019, *an Coimisiún* v *Kolachi Raj Industrial*, C-709/17 P, EU:C:2019:717, mír 82 agus an cásdlí a luaitear).

133 Maidir leis an gcomhthéacs, ba cheart a thabhairt faoi deara, murab ionann agus oibríochtaí cóimeála, nach bhfuil oibríochtaí críochnaithe i measc na gcleachtas, na bpróiseas ná na hoibre a liostaítear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála a d'fhéadfadh a bheith ina dteacht timpeall de réir bhrí an tríú fomhír d'Airteagal 13(1) den Rialachán sin.

134 Mar sin féin, is coincheap uathrialach é an coincheap 'críochnaithe', mar a deimhníodh ag an éisteacht, a bhaineann go sonrach le reachtaíocht frith-imchéimniúcháin an Aontais, le feiceáil in Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán frithdhumpála, ar dá réir a eisiatar teacht timpeall a bheith ann 'in aon chás go bhfuil teacht timpeall ar bun más luach níos mó ná 25 % den chostas monaraithe an luach atá curtha leis na páirteanna a tógadh isteach le linn na hoibríochta cóimeála nó críochnaithe'. Thairis sin, i ndáil leis sin, ba cheart a chur in iúl nach dtagraíonn aon fhoráil eile den bhun-Rialachán frithdhumpála d'oibríochtaí críochnaithe.

135 Mar sin féin, áitíonn an tagairt do chríochnaithe i gcomhthéacs Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán frithdhumpála, eadhon i gcomhthéacs na páirte den fhoráil sin lena sonraítear na coinníollacha faoina measfar go bhfuil oibríocht chóimeála ag teacht timpeall ar na bearta atá i bhfeidhm, i bhfabhar thuairim an Choimisiúin go dtagann oibríochtaí críochnaithe faoi raon feidhme Airteagal 13(2) den Rialachán sin. Is féidir oibríochtaí críochnaithe a léiriú mar athrú ar oibríochtaí cóimeála.

4. Fiúntas an chúigiú saincheist dlí lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid is gur mheas an Coimisiún gur lean GFF a onnmhairíodh ó Mharacó go dtí an tAontas de thairbhe a bhaint as na fóirdheontais a deonaíodh do tháirgeoirí GFF na Síne.

207 Go bunúsach, déanann an t-iarratasóir agóid i gcoinne na ndearbhuithe a rinne an Coimisiún in aithrisí 102 go 105 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid agus lena bhféachtar le measúnú a dhéanamh ar an gceathrú coinníoll is gá chun a shuí ann do theacht timpeall (féach mír 50 thuas), eadhon, i gcomhréir le hAirteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, ‘go bhfuil an táirge comhchosúil a allmharaíodh [nó] páirteanna den táirge sin ag baint tairbhe i gcónaí as an bhfóirdheontas’.

208 Chuige sin, ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-iarratasóir nach mbaineann Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/776 a luaigh an Coimisiún in aithris 102 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid le fóirdheonú caisirníní agus snáthanna mar a chuir PGTEX China ar fáil dó, ach le fóirdheonú GFF, eadhon táirge eile. Dá bhrí sin, níl na cinntí a dhéantar i Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/776 bailí ach amháin a mhéid a bhaineann siad le GFF, agus ní a mhéid a bhaineann siad le caisirníní agus snáthanna. É sin ráite, níl aon ‘fhóirdheontas’ ann a d’fhéadfadh PGTEX China a chur ar aghaidh chuige.

209 Ar an dara dul síos, áitíonn an t-iarratasóir nach gcumhdaítear oibríochtaí cóimeála leis an mbun-Rialachán ós rud é nach féidir fóirdheontas a bheith mar thoradh orthu, fóirdheontas a dheonaíonn an tír thionscnaimh nó an tír is onnmhaireoir agus a bhaineann tairbhe as an táirge a líomhnaítear a rinneadh teacht timpeall ina leith. Is amhlaidh atá toisc go mbeadh ar an tír ina ndéantar na hoibríochtaí cóimeála (sa chás seo, Ríocht Mharacó) aon fhóirdheontas a d’fhéadfaí a fhritháireamh a dheonú nó óna n-onnmhairítear na táirgí cóimeáilte (sa chás seo freisin, Ríocht Mharacó). Ní bheadh an cheist maidir le ‘cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear oibríochtaí cóimeála le hAirteagal 23(3) den bhun-Rialachán [frith-fhóirdheontais] freisin’ ábhartha, ós rud é nach féidir fóirdheontais a fhritháireamh ach amháin más í an tír thionscnaimh nó an tír is onnmhaireoir a dheonaigh iad.

210 Ar an tríú dul síos, áitíonn an t-iarratasóir nach bhfuil aon bhunús dlí ann lena mheas gur féidir a thoimhdiú go dlíthiúil go bhfuil fóirdheontais á gcur ar aghaidh idir páirtithe gaolmhara. Maidir le húsáid na tuarascála, sa Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, ó Bhuanchomhlacht Achomhairc de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) an 19 Eanáir 2004 sa Chás 'na Stáit Aontaithe – Cinneadh Deiridh i leith Dleacht Frithchúitimh i ndáil le Bogadhmad Áirithe ó Cheanada' (WT/DS257/AB/R) ('an tuarascáil ó Bhuanchomhlacht Achomhairc EDT') ní leor í chun tacú leis an toimhde sin. De réir an iarratasóra, baineann an tuarascáil sin le cás ar leith ina gcuirtear an sochar a dhíorthaítear ón bhfóirdheontas don amhábhar ar aghaidh chuig an táirge próiseáilte. Tá an staid sin go hiomlán difriúil le staid GFF, nach bhfuil aon fhianaise ann ina leith go bhfuil an t-amhábhar (eadhon caisirníní) fóirdheonaithe.

211 Thairis sin, de réir an iarratasóra, ní léann an Coimisiún ach go páirteach an tuarascáil ó Bhuanchomhlacht Achomhairc EDT, ina luaitear 'nach féidir a thoimhdiú anseo go bhfuil táirgeoirí an amhábhair agus táirgeoirí na dtáirgí próiseáilte ag feidhmiú ar neamhthuilleamaí, go bhfuil na tairbhí a eascraíonn as an bhfóirdheontas don amhábhar ó na tairbhithe díreacha chuig na tairbhithe indíreacha iartheachtacha á gcur ar aghaidh; ní mór don údarás imscrúdúcháin é a tharraingt suas'. Sonraíonn an t-iarratasóir, sa chás seo, go ndearnadh na ceannacháin a rinne sé ó PGTEX China agus an ceannachán a rinne PGTEX China ó CPIC ar neamhthuilleamaí, mar a léirigh sé go soiléir.

212 Ar deireadh, áitíonn an t-iarratasóir nach gcomhthacaíonn fíorais an imscrúdaithe frith-imchéimniúcháin leis an líomhain 'gur ghearr [PGTEX China] praghsanna níos ísle air [...] i gcomparáid le custaiméirí eile le linn na tréimhse imscrúdúcháin'. An líomhain go bhféadfaí aon chur ar aghaidh a dhéanamh trí mhodhanna seachas leibhéal na bpraghsanna amhábhar, mar shampla trí tháillí bainistíochta a thobhach, níl sé comhthacaithe ach oiread. Dá bhrí sin, níl i maíomh an Choimisiúin ach maíomh teoiriciúil.

213 Déanann an Coimisiún, mar aon leis an idiragraí mar thaca leis, argóintí an iarratasóra a dhíospóid.

214 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú, in aithris 102 go 105 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, gur thug an Coimisiún an méid seo a leanas faoi deara:

'Mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ón gCoimisiún, suíodh go raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne ag baint tairbhe as roinnt scéimeanna fóirdheontais de chuid Rialtas na Síne agus de chuid rialtais réigiúnacha agus áitiúla na Síne freisin. I ndáil leis sin, suíodh go raibh PGTEX China agus CPIC ag baint tairbhe as roinnt scéimeanna fóirdheontais freisin amhail ús fabhrach ar iasachtaí, cláir deontais, agus sochair chánach.

Ní raibh aon fhaisnéis nua ar fáil san imscrúdú seo a chaithfeadh amhras ar an gconclúid ón imscrúdú tosaigh ar fhóirdheontais nach raibh na scéimeanna fóirdheontais sin bailí a thuilleadh.

Máthairghnóthas [an iarratasóra] is ea PGTEX China, agus cheannaigh sé 100 % de na caisirníní snáithíní gloine a d'úsáid sé óna mháthairghnóthas gaolmhar PGTEX China, agus ba ó CPIC, monaróir na gcaisirníní snáithíní gloine sin, a cheannaigh PGTEX China iad.

Is féidir a thoimhdiú go dlíthiúil go bhfuil fóirdheontais á gcur ar aghaidh idir páirtithe gaolmhara, go háirithe nuair a bhí an chuideachta ghaolmhar iartheachtach ag cóimeáil agus ag onnmhairiú an táirge deiridh chuig an Aontas. Sa chás sin, ós rud é go ndéanann PGTEX China agus [an

t-iarratasóir] GFF a mhonarú agus a dhéanamh, agus go n-úsáideann siad caisirníní snáithíní gloine a mhonaraíonn CPIC, ba cheart a chur san áireamh i méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe a dheonaítear orthu go bhfuil siad in ann, mar gheall ar a gcaidreamh, na sochair sin a chur ar aghaidh chuig an táirge lena mbaineann a onnmhairítear chuig an Aontas de réir mar is cuí leo'.

215 Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, in aithris 106 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, i gcomhréir le hAirteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, 'go bhféadfadh an táirge comhchosúil allmhairithe agus/nó codanna díobh tairbhe a bhaint as an bhfóirdheontas go fóill'.

216 Thairis sin, in aithris 107 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, chuir an Coimisiún i gcoinne na n-argóintí a rinne Grúpa PGTEX 'nach raibh aon fhianaise ann go bhfuil allmhairí GFF ó Mharacó fós ag baint tairbhe as na fóirdheontais a dheonaítear do tháirgeoirí GFF na Síne'.

217 I ndáil leis sin, luaitear an méid seo a leanas in aithris 108 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid:

Ar an gcéad dul síos, fiú má bhain an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais ar dtús le fóirdheonú GFF, chomhoibrigh Grúpa PGTEX go hiomlán le linn an imscrúdaithe sin. Maidir leis sin, léirigh an [...] [t-]imscrúdú frith-fhóirdheontais i gcás CPIC agus PGTEX China, atá gaolmhar do[n] [iarratasóir], go bhfuair siad araon fóirdheontais ó Rialtas na Síne. Ar an dara dul síos, mar a luadh cheana in aithris (33) [den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid], cumhdaítear freisin in Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán [frithfhóirdheontais] imchéimniúcháin nach bhfuil liostaithe go sainráite san Airteagal sin, amhail oibríochtaí cóimeála. Ar an tríú dul síos, in aithris (105) [den Rialachán Cur Chun Feidhme sin], is féidir glacadh leis ó thaobh an dlí de go ndearnadh fóirdheontais a chur ar aghaidh idir páirtithe gaolmhara, go háirithe nuair a bhí an chuideachta iartheachtach ag cóimeáil agus ag onnmhairiú an táirge deiridh chuig an Aontas. Ar a bharr sin, is féidir cur ar aghaidh chuig cuideachtaí gaolmhara a dhéanamh ar chuid mhór bealaí (amhail trí tháillí bainistíochta áirithe a ghearradh), agus bíonn níos mó i gceist leis in amanna ná leibhéal na bpraghsanna a ghearrtar ar chustaiméirí ar ábhar ionchuir. In aon chor, léirigh comparáid idir praghsanna caisirníní agus/nó snáthanna ar bhonn an fhreagra uaidh [sa cheistneoir], gur ghearr PGTEX China praghsanna ní b'ísle ar [an iarratasóir] ná ar chustaiméirí eile le linn na tréimhse imscrúdúcháin'.

218 Sa chás seo, cuireann an t-iarratasóir i gcoinne an mheasúnaithe sin, agus trí ghearán á gcur ar aghaidh aige, go bunúsach. Leis an gcéad ghearán, áitíonn sé nach mbaineann Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/776 le caisirníní snáithíní gloine, ach le GFF, ionas nach féidir aon chur ar aghaidh fóirdheontais chuig caisirníní snáithíní gloine a thoimhdiú sa chás seo. Faoin dara gearán, measann sé nach féidir na fóirdheontais a chur faoi réir bearta frithchúitimh ach amháin más í an tír thionscnaimh nó an tír is onnmhaireoir a dheonaigh na fóirdheontais sin, rud nárbh amhlaidh sa chás seo. Leis an tríú gearán, áitíonn sé nach bhfuil aon bhunús dlí ann lena mheas gur féidir a thoimhdiú go dlíthiúil go bhfuil fóirdheontais á gcur ar aghaidh idir páirtithe gaolmhara agus, sa chás seo, gur tharla na hidirbhearta le páirtithe gaolmhara an iarratasóra sa tSín ar neamhthuilleamaí.

219 Maidir leis an gcéad ghearán, ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcuireann an t-iarratasóir i gcoinne an dearbhaithe in aithris 102 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, mar a luaitear i Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/776, 'go raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin de

chuid na Síne ag baint tairbhe as roinnt scéimeanna fóirdheontais de chuid Rialtas na Síne agus de chuid rialtais réigiúnacha agus áitiúla na Síne', ná i gcoinne an dearbhaithe 'go raibh PGTEX China agus CPIC ag baint tairbhe as roinnt scéimeanna fóirdheontais freisin amhail ús fabhrach ar iasachtaí, cláir deontais, agus sochair chánach'.

220 Ní chuireann an t-iarratasóir i gcoinne argóint an Choimisiúin ach oiread gur úsáideadh cinntí Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/776 a bhaineann le fóirdheonú GFF i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/328 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán 2016/1037 (IO 2021 L 65, lch. 1). Mar sin féin, sa Rialachán sin, chinn an Coimisiún go sonrach go raibh fóirdheontais coinnithe i leith gach táirgeoir onnmhairiúcháin lannáin snáithíní gloine sa tSín, lena n-áirítear cuideachtaí gaolmhara an iarratasóra sa tSín. Go deimhin, is léir ó aithris 43 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/838 '[go raibh] an Coimisiún in ann [...] torthaí [Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/776] maidir le fabraicí de shnáithín gloine a mhéid a bhaineann le tairbhe, bhí sé in ann na torthaí sin a thógáil agus a mheas go raibh siad infheidhme maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin GFR de chuid na Síne le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe'. Go háirithe, i ndáil leis sin, in aithris 44 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, luaigh an Coimisiún gurbh 'amhlaidh a bhí toisc nach raibh aon cheann de na cleachtais fóirdheontais a imscrúdaíodh nasctha go díreach le táirgeadh ná le honnmhairiú fabraicí de shnáithín gloine, ach seachas sin b'fhóirdheontais iad a chuaigh chun tairbhe don chuideachta ina iomláine nó don ghrúpa de chuideachtaí Síneacha ina iomláine a dhéanann GFR freisin' agus, '[dá] bhrí sin, san imscrúdú maidir le fabraicí de shnáithín gloine rinne an Coimisiún an tairbhe a fuair an táirgeoir onnmhairiúcháin a chinneadh ar dtús, agus ansin rinne sé an tairbhe sin a leithdháileadh ar a láimhdeachas iomlán le haghaidh na dtáirgí uile a dhíolann an táirgeoir onnmhairiúcháin, lena n-áirítear [caisirníní snáithíní gloine]'.

221 Ina theannta sin, i ndáil leis sin, ba cheart a chur in iúl nach dtugann an t-iarratasóir aon fhianaise ar aird chun amhras a chaitheamh ar dhearbhú an Choimisiúin go ndeachaigh na fóirdheontais a dheonaigh Rialtas na Síne, ar suíodh i Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/776 gurbh ann dóibh, chun tairbhe do tháirgeadh iomlán Ghrúpa PGTEX, bíodh GFF nó caisirníní snáithíní gloine i gceist.

222 Dá bhrí sin, ní féidir leis an iarratasóir a mhaíomh nach bhfuil na measúnuithe a rinne an Coimisiún i Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/776 bailí ach amháin a mhéid a bhaineann siad le GFF seachas le caisirníní snáithíní gloine.

223 Maidir leis an dara gearán, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a luaitear i mír 114 thuas, sa chás seo, contrártha leis an méid atá an t-iarratasóir ag iarraidh a mhaíomh, nach bhfuil an Coimisiún ag iarraidh fóirdheontais arna ndeonú ag Maracó a fhritháireamh, ach a áirithiú nach rachfar timpeall ar na bearta frithchúitimh arna mbunú i leith allmhairí fóirdheonaithe GFF ón tSín, tar éis dó a shuí gur bhain na caisirníní snáithíní gloine, eadhon an t-amhábhar do GFF, tairbhe as roinnt fóirdheontas sa tSín agus go ndearna an t-iarratasóir na caisirníní sin a chóimeáil nó a chríochnú i Maracó chun GFF a tháirgeadh.

224 Maidir leis an tríú gearán, ba cheart a thabhairt faoi deara, in aithris 105 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, gur mheas an Coimisiún '[i]s féidir a thoimhdiú go dlíthiúil go [raibh] fóirdheontais á gcur ar aghaidh idir páirtithe gaolmhara, go háirithe nuair a bhí an chuideachta ghaolmhar iartheachtach ag cóimeáil agus ag onnmhairiú an táirge deiridh chuig an Aontas'.

225 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, sa Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, go mbunaíonn an Coimisiún an toimhde dhlíthiúil atá i gceist, *inter alia*, ar mhír 146 den tuarascáil ó Bhuanchomhlacht Achomhairc EDT. Mar a chinn an Chúirt Ghinearálta, is léir ón mír sin nach mór don údarás imscrúdúcháin a shuí go gcuirtear an sochar a thugtar le ranníocaíocht airgeadais go díreach do tháirgeoirí an amhábhair ar aghaidh, i bpáirt ar a laghad, chuig táirgeoirí an táirge phróiseáilte a chumhdaítear leis an imscrúdú, i gcás ina n-oibríonn táirgeoirí an amhábhair agus na próiseálaithe iartheachtacha ar neamhthuilleamaí (breithiúnas an 1 Márta 2023, *Hengshi Egypt Fiberglass Fabrics agus Jushi Egypt for Fiberglass Industry* v *an Coimisiún*, T-480/20, faoi achomharc, EU:T:2023:90, mír 56). Thug an Coimisiún le fios uaidh sin, i gcás cuideachtaí gaolmhara, go bhféadfaí a thoimhdiú go dlíthiúil go gcuirfí fóirdheontais ar aghaidh, go háirithe nuair a bhailíonn an chuideachta iartheachtach an táirge deiridh agus nuair a onnmhairíonn sí chuig an Aontas é.

226 D'fhonn amhras a chaitheamh ar an gconclúid sin, ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, nach bhfuil, sa chás seo, aon fhianaise gur tugadh fóirdheontas don amhábhar do GF, eadhon caisirníní snáithíní gloine, ionas nach bhféadfaí cur ar aghaidh fóirdheontas den sórt sin a thoimhdiú go dlíthiúil. Ar an dara dul síos, maíonn sé gur chruthaigh sé go ndearnadh a cheannacháin ó PGTEX China agus ceannacháin PGTEX China ó CPIC ar neamhthuilleamaí.

227 Ar thaobh amháin, áfach, gan aghaidh a thabhairt ar an gceist a bhaineann le hábharthacht na tuarascála ó Bhuanchomhlacht Achomhairc EDT, is léir ón scrúdú ar an gcéad ghearán gur léirigh an Coimisiún, gan an t-iarratasóir a bheith ag teacht salach air, gur fóirdheonaíodh an t-amhábhar a úsáideadh i dtáirgeadh GFF (féach míreanna 219 go 222 thuas).

228 Ar an taobh eile, mar a thugann an Coimisiún faoi deara, gan an t-iarratasóir a bheith ag teacht salach air, is léir ó fhreagra PGTEX China ar an litir réamhfhíoraithe, atá i gceangal leis an gcosaint, go raibh praghsanna díolacháin a gearradh an iarratasóir i gcónaí níos ísle ná na praghsanna a gearradh ar chustaiméirí neamhspleácha. Is léir ón bhfreagra sin 'nach é athdhíol caisirníní agus sreang príomhghnó PGTEX China, agus mar thoradh air sin nach bhfuil sé beartaithe [aige] an brabús ón athdhíol sin a dhíorthú agus nach gá dó "p[h]raghas margaidh" a chinneadh don athdhíol sin", agus 'trí na hamhábhair sin a athdhíol [leis an iarratasóir], cuireann PGTEX China na costais lasta mheasta leis na praghsanna ceannaigh ó CPIC d'fhonn an praghas aistrithe a chinneadh, toisc go mbeidh PGTEX China freagrach as na hamhábhair sin a iompar chuig Maracó' agus 'trí na hamhábhair sin a athdhíol le custaiméirí neamhspleácha, toisc gur díolacháin ócáideacha iad i gcainníochtaí teoranta, d'fhéadfadh custaiméirí glacadh le praghas níos airde'.

229 Dá bhrí sin, bhí an Coimisiún go hiomlán i dteideal brath ar an toimhde dhlíthiúil maidir le haistriú na bhfóirdheontas atá i gceist chun a shuí gur comhlíonadh an ceathrú coinníoll chun a shuí gurbh ann do theacht timpeall sa chás seo.

230 Mar sin, i bhfianaise an méid sin roimhe seo, ní féidir leis an iarratasóir an Coimisiún a cháineadh as earráid shoiléir mheasúnaithe a bheith déanta nó as sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid is gur mheas an Coimisiún gur lean GFF a onnmhairíodh ó Mharacó go dtí an tAontas de thairbhe a bhaint as na fóirdheontais a deonaíodh do tháirgeoirí GFF na Síne

231 Dá réir sin, ní mór diúltú don chúigiú saincheist dlí.

C. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, sáruithe ar chearta cosanta an iarratasóra agus ar an gceart chun dea-riaracháin, earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 28(1) agus (3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais a mhéid a bhaineann le húsáid na bhfíoras atá ar fáil

232 Roinntear an saincheist dlí seo ina dhá chuid. Maidir leis an gcéad chuid, áitíonn an t-iarratasóir, trí na fíorais atá ar fáil dó a chur i bhfeidhm, gur sháraigh an Coimisiún an oibleagáid cúiseanna a lua, a chearta cosanta agus an ceart chun dea-riaracháin. Maidir leis an dara cuid, áitíonn sé go bhfuil an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid bunaithe ar earráidí follasacha measúnaithe agus go bhfuil sé de shárú ar Airteagal 28(1) agus (3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais maidir le húsáid na sonraí sin.

233 Mar thaca leis an gcéad chuid, cuireann an t-iarratasóir trí ghearán ar aghaidh, go bunúsach.

234 De réir a chéad ghearán, áitíonn an t-iarratasóir gur theip ar an gCoimisiún, trí dhiúltú gan aon mhíniú ar an bhfianaise a thug sé ar aird sa fhreagra ar an litir a bhaineann le hAirteagal 28 agus ina thuairimí ar DGN, a oibleagáid cúiseanna a lua maidir le cur i bhfeidhm na bhfíoras atá ar fáil a chomhlíonadh. I ndáil leis sin, cuireann sí in iúl, d'ainneoin a freagraí ar gach ceann de na pointí a luaitear in aithris 38 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, go raibh na héilimh a bhí sa litir sin, sa DGN agus sa Rialachán Cur Chun Feidhme sin fós comhionann.

235 Ina theannta sin, sa fhreagra, maíonn an t-iarratasóir go bhfuil na réasúnuithe a thug an Coimisiún sa chosaint chun míniú a thabhairt ar an gcur chuige a leantar sa Rialachán cur chun feidhme atá faoi chonspóid nua agus, dá bhrí sin, do-ghlactha mura n-áirítear iad sa Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

236 Leis an dara gearán, áitíonn an t-iarratasóir nár cuireadh ar a chumas tuiscint a fháil ar na cúiseanna ar chinn an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil a chur i bhfeidhm agus nach raibh an deis aige barúlacha éifeachtacha a thabhairt ar an ábhar sin, agus mar thoradh air sin go sáraítear a chearta cosanta leis an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid.

237 Leis an tríú gearán, maíonn an t-iarratasóir go sáraítear leis an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid an ceart chun dea-riaracháin, lena gceanglaítear ar an institiúid inniúil scrúdú cúramach neamhchlaonta a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha uile an cháis atá i gceist. De réir an iarratasóra, sa Rialachán Cur Chun Feidhme sin, níor chuir an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis a soláthraíodh ina fhreagra ar litir Airteagal 28 agus ina bharúlacha maidir le DGN.

238 Mar thaca leis an dara cuid, áitíonn an t-iarratasóir go ndearna an Coimisiún earráidí follasacha measúnaithe trína mheas, sa Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, nár sholáthair sé an 'f[h]aisnéis is gá' de réir bhrí Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais.

239 Ar an gcéad dul síos, éilíonn an t-iarratasóir go bhfuil soiléiriú tugtha aige ar an bhfaisnéis go léir a iarradh.

240 Ar an dara dul síos, áitíonn an t-iarratasóir nach féidir an fhaisnéis dá dtagraítear in aithris 38 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid a aicmiú mar fhaisnéis is gá de réir bhrí Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais agus an cásdlí. De réir an iarratasóra, d'fhéadfadh an Coimisiún an fhaisnéis sin a fháil ar bhealaí eile agus í a fhíorú trí chianchuairteanna agus trí chros-seiceálacha.

241 Ar an tríú dul síos, áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid de shárú ar Airteagal 28(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, sa mhéid is gur chinn an Coimisiún fíorais a bhí ar fáil a chur i bhfeidhm díreach toisc nárbh í an fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil an fhaisnéis oiriúnach. Sonraíonn sé, fiú dá measfaí nach í an fhaisnéis sin an fhaisnéis 'oiriúnach', nach mbeadh sé sin ina chúis leordhóthanach leis an iarratas sin a dhéanamh. Cuireann sé in iúl freisin, agus cinneadh á dhéanamh aige Airteagal 28(1) den Rialachán sin a chur i bhfeidhm, gur thug an Coimisiún neamhaird ar chuid de na sonraí a bhaineann leis na costais mhonaraíochta a chuir sé ar fáil agus a d'úsáid sé fíorais a bhí ar fáil maidir le, *inter alia*, dáta tosaithe an táirgthe, ach, i gcás amhrais maidir le hiontaofacht na sonraí arna gcur ar fáil amháin, gur cheart don Choimisiún Airteagal 28(3) den Rialachán sin a chur i bhfeidhm agus, dá bhrí sin, glacadh leis na sonraí sin.

242 Measann an Coimisiún, mar aon leis an idiragraí mar thaca leis, go bhfuil an tsaincheist dlí seo neamhéifeachtach ina hiomláine agus, in aon chás, gan bhunús.

243 Mar thaca le cineál neamhéifeachtach an dara saincheist dlí, áitíonn an Coimisiún gur thionscain sé, le linn an imscrúdaithe frith-imchéimniúcháin, an nós imeachta faoi Airteagal 28 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais ar an bhforas go bhféadfadh an fhaisnéis dá dtagraítear in aithris 38 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid a thabhairt le tuiscint go raibh trasloingsiú ann, ach, i bhfianaise chineál neamhiomlán agus codarsnach na faisnéise a chuir an t-iarratasóir ar fáil, níor fhág sé ar deireadh go bhféadfaí a chruthú go raibh a leithéid de thrasloingsiú ann agus dírithe ar chruthúnas cóimeála nó críochnaithe. Sonraíonn sé, chun críocha na fianaise sin, nár bhain sé úsáid as fíorais a bhí ar fáil faoi Airteagal 28 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, cé is moite d'fhíorais staidrimh áirithe a baineadh as Eurostat agus as fíorais an iarratasóra féin, sonraí nach ndéanann an t-iarratasóir iad a chonspóid, áfach.

244 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú go bhfuil sé de dhualgas ar an gCoimisiún, de réir Airteagal 23(4) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, imscrúdú a thionscnamh ar bhonn fianaise *prima facie* ar chleachtais teacht timpeall. I gcás ina n-eascróidh cinneadh maidir le teacht timpeall den sórt sin a bheith ann as na fíorais a suíodh le linn an imscrúdaithe sin, molfaidh an Coimisiún don Chomhairle na bearta frith-fhóirdheontais a leathnú. (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2014, *Simon, Evers & Co.*, C-21/13, EU:C:2014:2154, mír 31)

245 Mar sin féin, ní thugtar le haon fhoráil den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais an chumhacht don Choimisiún, in imscrúdú ar theacht timpeall a bheith ann, iallach a chur ar na táirgeoirí nó ar na honnmhaireoirí a ndearnadh gearán fúthu a bheith rannpháirteach san imscrúdú nó faisnéis a thabhairt. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún ag brath ar chomhar deonach na bpáirtithe leasmhara chun an fhaisnéis is gá a sholáthar dó. (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2014, *Simon, Evers & Co.*, C-21/13, EU:C:2014:2154, mír 32)

246 Ar an gcúis sin, rinne reachtas an Aontais foráil in Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, i gcás ina ndiúltaíonn páirtí leasmhar rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá, nó nach gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil ar shlí eile, nó ina gcuireann sé bac suntasach ar an imscrúdú, féadfar torthaí sealadacha nó críochnaitheacha, bíodh siad dearfach nó diúltach, a dhéanamh ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil. (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2014, *Simon, Evers & Co.*, C-21/13, EU:C:2014:2154, mír 33)

247 Thairis sin, soiléiríodh leis an gcásdlí go mbaineann Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais le húsáid na bhfíoras atá ar fáil ag na hinstitiúidí, rud a dhéanann dochar do na fíorais a bhaineann go sonrach le páirtí leasmhar amháin nó níos mó (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Aibreán 2015, *VTZ agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, T-432/12, nár foilsíodh, EU:T:2015:248, mír 35 agus an cásdlí a luaitear).

248 Sa chás seo, luaitear an méid seo a leanas in aithris 38 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid:

‘[Dar leis an Coimisiún,] [n]a freagraí ar an gceistneoir, lena n-áirítear an freagra ar litir easnaimh, a thug [an t-iarratasóir] agus an dá chuideachta ghaolmhara atá aige sa tSín [...] measadh na freagraí sin a bheith easnamhach ar na cúiseanna seo a leanas:

– Níor chuir [an t-iarratasóir] an fhaisnéis ba ghá ar fáil san fhoirm éilimh ar dhíolúine. Go háirithe, níor sholáthair sé na doiciméid fholuiteacha riachtanacha le haghaidh [*faoi rún*] idirbheart díolacháin. Mar thoradh air sin, ní raibh an Coimisiún in ann an maíomh a fhíorú nár chuir [an t-iarratasóir] tús leis an táirgeadh ach in Aibreán 2020;

– [i]na theannta sin, in ainneoin gur iarr an Coimisiún míniú mionsonraithe maidir le huimhreacha sonraisc díolacháin a bhí ar iarraidh, ní bhfuarthas ach míniú ginearálta ar na huimhreacha sonraisc díolacháin sin a bhí ar iarraidh. Luaigh an Coimisiún freisin go raibh difríocht sa láimhdeachas iomlán don tréimhse thuairiscithe mar a tuairiscíodh é sa liostú díolacháin i gcomparáid leis an gceann a tuairiscíodh ina chuntais reachtúla in 2020. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún na méideanna díolacháin onnmhairí a tuairiscíodh don Aontas a dheimhniú. Maidir leis sin, luaigh an Coimisiún freisin go raibh na díolacháin onnmhairí a tuairiscíodh níos airde ná iomlán na n-allmhairí chuig an Aontas ó Mharacó de réir staitisticí allmhairithe Eurostat agus gurb é [an t-iarratasóir] an t-aon táirgeoir atá ar eolas i Maracó a d’onnmhairigh an táirge atá faoi imscrúdú chuig an Aontas;

– [c]uireadh faisnéis chodarsnach ar fáil freisin maidir le tús iarbhír an táirgthe ag [an iarratasóir]. Bhí an fhaisnéis maidir le tús iarbhír an táirgthe in 2020 ag teastáil chun an sciar de na mórchostais thabhaithe a shainaithint (amhail costas dímheasa agus costas cíosa) a d’fhéadfaí a chur i leith tháirgeadh an táirge lena mbaineann;

– [i]na theannta sin, níor tugadh aon mhíniú sásúil sa fhreagra ar an litir easnaimh ar na cúiseanna leis an méadú suntasach a tháinig ar an méid táirgeachta i mí Iúil 2020, a bhí thart ar [*faoi rún*] b’airde ná an méid táirgeachta sa mhí roimhe sin, Meitheamh 2020, in ainneoin gurb é an leibhéal céanna tomhaltais leictreachais, a bheag nó a mhór, a bhí ann sa dá mhí.

– Níor sholáthair PGTEX China faisnéis [ó GTS] mar a iarradh maidir lena cheannacháin ó CPIC agus a dhíolacháin [leis an iarratasóir].

249 Dá bhrí sin, mar is léir ó aithris 39 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, i gcomhréir le hAirteagal 28(4) den bhun-Rialachán [frith-fhóirdheontas], chuir an Coimisiún in iúl do Ghrúpa PGTEX an 5 Deireadh Fómhair 2021 go bhfhéadfadh cur i bhfeidhm an Airteagail sin agus úsáid na bhfíoras atá ar fáil eascair as liosta neamh-uileghabhálach na n-eilimintí a bhfuil tuairisc orthu in aithris 38 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin. D’iarr sé freisin ar Ghrúpa PGTEX a thuairimí a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm féideartha an Airteagail 28 sin.

250 Mar is léir ó aithris 41 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, '[r]inne an Coimisiún anailís ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid a chuir Grúpa PGTEX isteach lena litir dar dáta an 12 Deireadh Fómhair 2021' agus '[b]á é a chonclúid nár cuireadh freagraí sásúla ná doiciméadacht tacaíochta dhiongbháilte ar fáil i dtaca le formhór na ngnéithe a ardaíodh sa litir uaidh an 5 Deireadh Fómhair 2021'.

251 Dá réir sin, mar is léir ó aithris 42 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, 'mheas an Coimisiún go raibh an fhaisnéis a chuir Grúpa PGTEX ar fáil neamhiomlán go páirteach agus go raibh sí frithráiteach agus, dá bhrí sin, nach bhféadfadh an Coimisiún brath go hiomlán uirthi', ach 'níor tugadh neamhaird iomlán ar na sonraí a chuir Grúpa PGTEX isteach' agus gur 'd'úsáid an Coimisiún na sonraí díolacháin agus na sonraí costais a chuir Grúpa PGTEX isteach mar thúsphointe dá anailís'.

252 Ina theannta sin, in aithris 43 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, shonraigh an Coimisiún, '[i] gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 28(1) agus le hAirteagal 28(5) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, comhlánaíodh an fhaisnéis a sholáthair Grúpa PGTEX le sonraí a baineadh as bunachair sonraí amhail an Global Trade Atlas [(GTA)], agus Eurostat [...]. Baineadh sonraí allmhairiúcháin ó Eurostat, agus baineadh úsáid as GTA chun méideanna na n-onnmhairí caisirníní snáithíní gloine ón [tSín] agus ón Éigipt go Maracó a chinneadh.

253 Is léir mar sin ó aithrisí 38 agus 43 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid go raibh an Coimisiún in ann sonraí a allmhairiú a bhaintear as Eurostat agus sonraí a bhaineann le líon na n-onnmhairí de chaisirníní snáithíní gloine ón tSín agus ón Éigipt go Maracó a bhaintear as an Global Trade Atlas (GTA) chun easpa iontaofachta na faisnéise a chuir an t-iarratasóir in iúl maidir le méid na ndíolachán onnmhairiúcháin chuig an Aontas dá dtagraítear in aithris 38 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid a leigheas. Go háirithe, d'úsáid an Coimisiún na sonraí staidrimh sin chun a chinneadh ar athraigh an patrún trádála sa chás seo.

254 Is léir freisin ó aithris 42 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid nár tugadh aird ar na sonraí a chuir Grúpa PGTEX ar fáil agus gur úsáid an Coimisiún na sonraí díolacháin agus costais a chuir an grúpa sin isteach mar phointe tosaigh dá anailís. (féach mír 251 thuas).

255 Sa chás seo, ní dhíospóideann an t-iarratasóir na fíorais atá ar fáil a úsáideann an Coimisiún de réir bhrí Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais. Go háirithe, maidir leis na sonraí a bhaintear as Eurostat agus as bunachar sonraí GTA a d'úsáid an Coimisiún chun teacht ar an gconclúid go raibh athrú ar thrádáil sa chás seo, ní chuireann an t-iarratasóir aon argóint ar aghaidh, ina phléadálacha, lena gcaitear amhras go sainráite ar fhírinneacht na sonraí sin. Ní mhaíonn sé ach gur dhiúltaigh an Coimisiún, in aithris 86 den Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid, do Mhárta mar thúsphointe an táirgthe agus, dá bhrí sin, don chéad cheann de na modhanna eile chun costais dímheasa a ríomh, go beacht ar bhonn na n-argóintí a cuireadh chun cinn in aithris 38 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

256 Mar sin féin, is léir ón scrúdú ar an tríú cuid den cheathrú saincheist dlí. (féach míreanna 189 go 191 thuas) nár dhiúltaigh an Coimisiún don chéad cheann de na modhanna eile chun costais dímheasa a ríomh ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil faoi Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, ach ar an bhforas nár chomhfhreagair na sonraí táirgeachta míosúla arna gcur in áirithe ag an iarratasóir i gcónaí do tháirgeadh iarbhír na míosa agus nárbh fhéidir a mheas go raibh siad iontaofa.

257 Thairis sin, nuair a ceistíodh é ag an éisteacht, níor chuir an t-iarratasóir aon argóint eile chun cinn a rinne agóid i gcoinne na bhfíoras a bhí ar fáil agus a d'úsáid an Coimisiún faoi Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, agus mar thoradh air sin ní féidir leis a mhaíomh go ndéanann úsáid na forála sin dochar dá staid.

258 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don dara saincheist dlí toisc í a bheith neamhéifeachtach, gan gá a bheith ann anailís a dhéanamh ar fhiúntas na gcodanna a d'ardaigh an t-iarratasóir mar thaca leis an tsaincheist sin.

259 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór an chaingean a dhíbhe ina hiomláine.

IV. Costais

260 Faoi Airteagal 134(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ordófar don pháirtí nár éirigh leis na costais a íoc, má tá iarratas déanta orthu i bpléadálacha an pháirtí ar éirigh leis. Ós rud é nár éirigh leis an iarratasóir, ní mór a ordú dó a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún a íoc, i gcomhréir leis an ordú atá á lorg ag an gCoimisiún.

261 De bhun Airteagal 138(3) de na Rialacha Nós Imeachta, ní mór a ordú do na hidiragraithe a gcostais féin a íoc.

Ar an bhforas sin,

dearbhaíonn agus rialaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Deichiú Dlísheomra Méadaithe)

mar seo a leanas:

1. **Diúltaítear don chaingean.**

2. **Ordaítear do PGTEX Morocco a chostais féin, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach, a íoc.**

3. **Ordaítear do LM Wind Power A/S agus Tech-Fab Europe eV a gcostais féin a íoc.**

Porchia Jaeger Madise

Nihoul Verschuur

Arna thabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg an

[Sínithe]

Clár

I. Cúlra na díospóide . . . 2

II. An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe . . . 4

III. An dlí lena mbaineann . . . 5

A. An chéad saincheist dlí . . . 5

1. Barúlacha tosaigh . . . 7

(a) An Comhaontú Comhlachais . . . 7

(b) Rialacha an Aontais maidir le teacht timpeall ar na bearta frith-fhóirdheontais . . . 8

2. Fiúntas na chéad saincheiste dlí lena n-éilítear sárú ar an gComhaontú Comhlachais, sárú ar Airteagal 33(a) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais agus mí-úsáid cumhachtaí ar an bhforas go bhforchuireann an Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid dleachtanna frithchúitimh ar GFF a onnmhairíonn an t-iarratasóir chuig an Aontas Eorpach, gan a dtionscnamh fabhrach Mharacó a chur san áireamh . . . 9

B. An tríú agus an ceathrú saincheist dlí . . . 10

1. Barúlacha tosaigh . . . 11

2. Fiúntas an tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid gur mheas an Coimisiún nach raibh cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch le láithreán táirgthe an iarratasóra a bhunú i Maracó seachas dleachtanna frithchúitimh a fhorchur agus sárú ar an gceart chun dea-riaracháin sa mhéid gur mhainnigh an Coimisiún scrúdú cúramach neamhchlaonta a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha uile an cháis atá i gceist . . . 11

(a) Measúnú ar an easpa cúis chuí nó bonn cirt eacnamaíoch le láithreán táirgthe an iarratasóra a bhunú i Maracó seachas dleachtanna frithchúitimh a fhorchur sa Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid . . . 14

(b) An chéad chuid lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid is gur chinn an Coimisiún nach raibh cúis chuí nó bonn cirt eacnamaíoch le láithreán táirgthe an iarratasóra a bhunú i Maracó seachas dleachtanna frithchúitimh a fhorchur . . . 15

(c) An dara cuid, lena n-éilítear sárú ar an gceart chun dea-riaracháin sa mhéid gur mhainnigh an Coimisiún scrúdú cúramach neamhchlaonta a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha uile an cháis atá i gceist . . . 17

3. Fiúntas an cheathrú saincheist dlí lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe, sáruithe ar an gceart chun dea-riaracháin agus ar phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne agus sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid gur chinn an Coimisiún gur oibríocht chóimeála é an próiseas monaraíochta arna chur chun feidhme ag an iarratasóir i Maracó . . . 18

(a) An chéad chuid lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid gur chuir an Coimisiún an coincheap 'oibríocht chóimeála' dá dtagraítear in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála i bhfeidhm de réir analaí 18

(b) An dara cuid lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe, sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais agus sárú ar an gceart chun dea-riaracháin sa mhéid gur chinn an Coimisiún gur oibríocht chóimeála a bhí sa phróiseas monaraíochta arna chur chun feidhme ag an iarratasóir i Maracó. 23

(c) An tríú cuid lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe, sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais agus sáruithe ar an gceart chun dea-riaracháin agus ar phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne sa mheasúnú ar thairseach bhreisluacha na n-oibríochtaí cóimeála. 27

(1) Ríomh an bhreisluacha sa Rialachán Cur Chun Feidhme atá faoi chonspóid . . 29

(i) Costas dímheasa 29

(ii) Costas cíosa 31

(2) An chéad ghearán lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán frithdhumpála 32

(3) An dara gearán lena n-éilítear sárú ar phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne 36

(4) An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart chun dea-riaracháin . . . 37

(d) Conclúid 37

4. Fiúntas an chúigiú saincheist dlí lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais sa mhéid is gur mheas an Coimisiún gur lean GFF a onnmhairíodh ó Mharacó go dtí an tAontas de thairbhe a bhaint as na fóirdheontais a deonaíodh do tháirgeoirí GFF na Síne. 37

C. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, sáruithe ar chearta cosanta an iarratasóra agus ar an gceart chun dea-riaracháin, earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 28(1) agus (3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais a mhéid a bhaineann le húsáid na bhfíoras atá ar fáil 42

IV. Costais 46